LEABHAR TAGARTHA FAOI ALT 15

TREOIR MAIDIR LE FEIDHMEANNA AGUS TAIFID AN BHORD PLEANÁLA

LEABHAR TAGARTHA FAOI ALT 15 AN ACHTA UM SHAORÁIL FAISNÉISE

Feabhra 2005

1. Réamhrá

1.1 An tAcht um Shaoráil Faisnéise

1.2 Teacht ag an bpobal ar chomhaid an Bhord Pleanála maidir le cásanna Achomhairc Pleanála

1.3 Faisnéis a mbíonn Gnáth-Theacht air

1.4 Láithreán Gréasáin an Bhoird

2. Struchtúr agus Eagrúchán

2.1 Comhaltaí Boird

- Mar a cheaptar Comhaltaí Boird

2.2 Comhaltaí an Bhoird

2.3 Eagrúchán an Bhoird

2.4 Cairt Eagrúcháin

3. Feidhmeanna an Bhoird

3.1 Réamhrá

3.2 Cásanna Achomhairc faoi na hAchtanna Pleanála

- Gnáthchásanna Achomhairc Pleanála

3.3 Tograí Údaráis Áitiúil

- Éadáil Éigeantach
- Tograí Bóthair
- Tograí eile de chuid údaráis áitiúil a mbíonn Measúnacht Tionchair Timpeallachta de dhíth lena n-aghaidh
- Cásanna Fo-tháirsigh EIA
- Scópáil
- Díolúine ó Choinníollacha EIA

3.4 Cásanna Tagartha, Fógraí Ceannacháin agus cásanna eile faoi na hAchtanna Pleanála

- Cead Achomhairc
- Cásanna Tagartha/Cásanna faoi Bhráid

3.5 Cásanna Achomhairc faoi Achtanna eile

- An tAcht um Rialú Foirgníochta
- Na hAchtanna faoi Thruailliú Uisce
- An tAcht um Thruailliú Aeir

3.6 Príomhghnéithe an Chórais maidir le Cásanna Achomhairc Pleanála

3.7 An Modh chun Achomharc Pleanála a Dhéanamh

3.8 Táillí maidir le cásanna Achomhairc agus cásanna eile

4. Faisnéis atá ar fáil faoin reachtaíocht agus faisnéis a mbíonn gnáth-theacht air

4.1 Teacht an phobail ar chomhaid faoin Acht Pleanála agus Forbartha 2000

4.2 Liostaí Seachtainiúla

4.3 An Tuarascáil Bhliantúil

4.4 An Láithreán Gréasáin

4.5 Bileoga Eolais

5. An modh a bhfaightear eolas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise

5.1 Eolas Ginearálta faoin Acht um Shaoráil Faisnéise
5.2 Iarratais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise
5.3 Ceart Athbhreithnithe agus Ceart Achomhairc
- Athbhreithniú Inmheánach
- Athbhreithniú de chuid an Choimisinéara

5.4 Táillí.

6. Rangú ar na Taifid atá ar Coimeád ag an mBord

6.1 Rangú ar na Taifid atá ar coimeád ag an mBord

Aguisíní

A Bileog de chuid na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil 'Achomharc Pleanála a Dhéanamh'

B Bileog de chuid an Bhord Pleanála 'Achomharc Pleanála a Dhéanamh faoi Acht Pleanála na bliana 2000'

C Foirm Iarratais maidir le Saoráil Faisnéise

1. RÉAMHRÁ

1.1 Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise

Cruthaítear trí cinn de chearta faoin reachtaíocht leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997, arna leasú leis an Acht um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003:

- ceart faoin dlí ag gach duine teacht a bheith acu ar fhaisnéis i seilbh chomhlachtaí poiblí;

- ceart faoin dlí ag gach duine a thabhairt go leasófaí eolas oifigiúil maidir leis féin nó léi féin sa chás go mbíonn an t-eolas neamhiomlán, mícheart nó míthreorach;

- ceart faoin dlí ag duine eolas a fháil ar na cúiseanna le socruithe a bhaineann leis nó léi féin.

Dearbhaítear leis an Acht ceart dhuine den phobal teacht a bheith aige ar fhaisnéis oifigiúil chomh mór ar fad agus a bheadh sin ag teacht le leas an phobail agus le ceart an duine aonair ar phríobháideacht. Tá an tAcht leagtha amach d'fhonn ligean don phobal teacht a bheith acu ar fhaisnéis de chuid chomhlachtaí poiblí **NACH** mbíonn ar fáil trí ghnáthmhodhanna oibre.

Tá an leabhar tagartha seo á ullmhú agus á fhoilsiú de réir alt 15 an Achta. Is é is cuspóir leis áis a dhéanamh maidir le teacht ar fhaisnéis oifigiúil atá i seilbh an Bhoird trí chuntas achoimre a thabhairt ar struchtúr agus feidhmeanna an Bhoird, sonraí faoi na seirbhísí a chuireann an Bord ar fáil agus na modhanna inar féidir leas a bhaint astu a leagan amach chomh maith le heolas faoin rangú ar na taifid atá ar coimeád ag an mBord agus eolas faoin modh ina gcuirtear iarratas chuig an mBord faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

Tugtar eolas faoi na modhanna chun iarratas a dhéanamh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise i gCaibidil 5.

1.2 Teacht ag an bpobal ar chomhaid an Bhord Pleanála maidir le cásanna Achomhairc Pleanála

Bhí an fhollasacht ina tréith de chuid an chórais maidir le hachomhairc pleanála sular tháinig an tAcht um Shaoráil Faisnéise i bhfeidhm. Is féidir le duine ar bith den phobal, faoi alt 142(4) an Achta Pleanála agus Forbartha, 2000, an comhad iomlán maidir le cás achomhairc a scrúdú go ceann cúig bhliana ón tríú lá oibre tar éis chinneadh an Bhoird ar an gcás.

Ba chúis áthais don Bhord an córas sin nuair a theacht isteach den chéad uair faoi na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt) (Uimh. 2) i mí Aibreán, 1995 agus tá an-leas á bhaint as an deis scrúdaithe sin ó shin. Ba chúis áthais don Bhord chomh maith an tAcht um Shaoráil Faisnéise a theacht i bhfeidhm, trína

gcuirtear córas chun cinn chun faisnéis atá ag comhlachtaí poiblí a chur ar fáil don phobal. Sa chuid is mó de na cásanna inar mhaith le duine teacht a bheith aige ar fhaisnéis faoi chásanna achomhairc agus faoi chásanna eile a bhfuil cinneadh déanta ina leith, bíonn an t-eolas ar fáil go poiblí cheana féin rud a fhágann nach móide gur chuí an deis ar an bhfaisnéis a thabhairt faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

Tugtar breis eolais faoin gcóras atá i bhfeidhm i gcaibidil 4 sa leabhar tagartha seo. Ba cheart d'aon duine a mbeadh i gceist aige eolas maidir le cás achomhairc a bhfuil cinneadh déanta ina leith tuiscint a fháil ar a bhfuil i gcaibidil 4 i dtosach.

1.3 Faisnéis a mbíonn gnáth-theacht air

Chomh maith lena luaitear faoi 1.2 thuas, cuireann an Bord faisnéis ar fáil don phobal mar ghnáthnós oibre maidir le feidhmeanna agus beartaíocht an Bhoird. Leanfar ag cur eolais dá shórt ar fáil go neamhfhoirmeálta gan aon chall an tAcht um Shaoráil Faisnéise a oibriú. Cuirtear eolas ar fáil sa leabhar tagartha seo maidir le feidhmeanna agus obair an Bhoird agus le bealaí ina mbíonn fáil ar eolas den chineál sin.

Tá an teacht atá ar fhaisnéis faoin Acht faoi réir ag díolúine áirithe agus teorainneacha ama. Tugtar treoir sa lámhleabhar seo maidir le struchtúr an Bhoird ionas gur éasca teacht ar fhaisnéis faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Leagtar amach eolas maidir le hiarratas a dhéanamh faoin Acht sin i gcaibidil 5.

1.4 Láithreán Gréasáin an Bhoird

Thug an Bord isteach láithreán gréasáin dá chuid féin i mí na Nollag 1997. Déantar trácht ar an láithreán gréasáin ar chuid mhór den ábhar a phléitear sa leabhar tagartha seo. Tá na láithreán ar fáil ag an seoladh www.pleanala.ie.

2.1

COMHALTAÍ BOIRD

Foráiltear faoin Acht Pleanála agus Forbartha, 2000 do cheapadh Cathaoirligh agus comhaltaí eile ar an mBord. Bíonn na Comhaltaí Boird i mbun a gcuid dualgas ar bhonn feidhmiúcháin go lánaimseartha.

Mar a cheaptar Comhaltaí Boird.
Is é an Rialtas a cheapann an Cathaoirleach as liosta daoine a bhfuil damhna cathaoirligh iontu de réir mar a roghnaíonn coiste neamhspleách iad atá faoi Chathaoirleacht Uachtarán na hArd-Chúirte faoi mar a leagtar amach in Alt 105 Acht na bliana 2000. Is iondúil go n-éilítear ar an Rialtas an ceapachán a dhéanamh as liosta ar a luaitear líon nach mó ná triúr arna roghnú ag an gcoiste sin ar a theacht dóibh ar an tuairim gur incheaptha iad. Is iondúil go mbíonn téarma oifige seacht mbliana ag Cathaoirleach an Bhoird agus is féidir an Cathaoirleach a athcheapadh ar feadh an dara téarma nó téarmaí ina dhiaidh sin ar choinníoll go bhfuil sé nó sí ina C(h)athaoirleach tráth an athcheapacháin.

Fóráiltear faoi Acht Pleanála na bliana 2000 do cheapadh seachtar comhalta eile ar an mBord. Ceapann an tAire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil seisear de na comhaltaí as liosta daoine arna roghnú ag sé ghrúpa eagraíochtaí atá sainordaithe faoi na Rialacháin lena bhfágtar ionadaíocht ag leasa lucht gaire, lucht timpeallachta, lucht forbraíochta, lucht rialtais áitiúil, lucht forbairt tuaithe agus forbartha áitiúil agus ag lucht leas ginearálta. Ceapann an tAire an comhalta eile ar oifigeach de chuid an Aire é nó í atá ina státseirbhíseach bunaithe. Is iondúil go mbíonn téarma oifige cúig bhliana ag na comhaltaí sin agus is féidir iad a athcheapadh ar feadh an dara téarma nó téarmaí ina dhiaidh sin ach an té atá i gceist a bheith ag fónamh ina chomhalta tráth an athcheapacháin.

Déantar foráil speisialta faoi Acht na bliana 2000 do chomhaltaí breise a cheapadh nuair is cuí ardú dá shórt mar gheall ar líon na gcásanna a thagann isteach. Tá dhá chomhalta déag ar an mBord faoi láthair.

Comhaltaí an Bhoird

John O'Connor Ceapadh John O'Connor ina Chathaoirleach ar an mBord ar feadh téarma 7 mbliana le héifeacht ón 6 Bealtaine 2000. Roimh an gceapachán sin, bhíodh sé ina Rúnaí Cúnta sa Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil ó mhí Iúil 1995, i gceannas ar an Rannóg Pleanála agus Forbartha ar a raibh freagracht mar gheall ar Phleanáil, Pleanáil Spáis, Forbairt Uirbeach agus Sráidbhailte, Tógáil, Seirbhísí Uisce agus Páirtnéireachtaí Poiblí agus Príobháideacha. Bhíodh sé roimhe sin ag fónamh ina Phríomhoifigeach sa Bhrainse Polasaí Tithíochta agus sa Bhrainse Airgeadais sa Roinn chéanna agus ina Oifigeach Airgeadais ag an Roinn. Ghnóthaigh sé dioplóma sa Riarachán Poiblí ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

Brian Hunt Ceapadh Brian Hunt ina Leas-Chathaoirleach ar an mBord ar an 21 Samhain 2001. Ceapadh ar an mBord i dtosach é ar feadh na tréimhse ón 1 Eanáir 1999 go dtí an 6 Samhain 2001. Rinneadh a athcheapadh ar feadh téarma cúig bhliana go dtí Samhain 2006. Céimí san Innealtóireacht Shibhialta de chuid Choláiste na hOllscoile, Corcaigh é. Tá Dioplóma iarchéime aige sa Phleanáil Fhisiciúil ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus ballraíocht aige in Institiúid Innealtóirí na hÉireann. Bhí sé ag obair ina Innealtóir Feidhmiúcháin Sinsearach sa Rannóg Pleanála le Comhairle Chontae na Mí sular ceapadh ar an mBord é.

Margaret Byrne Cheap an tAire Margaret Byrne ar an 6 Feabhra 1995 ar feadh tréimhse cúig bhliana. Rinneadh a hathcheapadh ar feadh téarma cúig bhliana eile go dtí Feabhra 2005. Státseirbhíseach bunaithe í. Rinne sí fónamh ina Príomhoifigeach i Rannóg Comhshaoil na Roinne Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil agus bhí fónamh déanta aici roimhe sin i Rannóg na mBóithre agus sa Rannóg Rialtais Áitiúil sa Roinn chéanna.

Michael Wall Ceapadh Michael Wall ar an mBord ar feadh na tréimhse ón 1 Eanáir 1999 go dtí an 6 Samhain 2001. Rinneadh a athcheapadh ar feadh téarma cúig bhliana go dtí an 6 Samhain 2006. Tá céim san Ailtireacht aige ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus é ina bhall d'Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann. Tar éis céim mháistreachta a bhaint amach sa Phleanáil Réigiúnach agus Uirbeach i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath sa bhliain 1989, d'oibrigh sé i Londain le Sir Robert McAlpine ag plé le bainistíocht tograí agus bainistíocht conraitheoireacht. Ghnóthaigh sé céim mháistreachta i Riarachán Gnó ó Scoil Ghnó Smurfit i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath sa bhliain 1992 agus chuaigh sé i mbun oibre mar Bhainisteoir Forbartha Margaidh le Waterford Stanley. Bhí sé ar chomhbhunaitheoirí Byrne Wall Architects Ltd. sa bhliain 1994 agus é ina pháirtnéir stiúrtha ann go dtí gur ceapadh ar an mBord é.

Angela Tunney Ceapadh Angela Tunney ar an mBord ar feadh na tréímhse ón 10 Márta 2000 go dtí an 6 Samhain 2001. Rinneadh a hathcheapadh ar feadh téarma cúig bhliana go dtí Samhain 2006. Céimí de chuid Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath í a bhfuil bunchéim san Ailtireacht aici agus céim mháistreachta sa Phleanáil Réigiúnach agus Uirbeach. D'oibrigh sí sé bliana ina hailtire sa Ghearmáin agus i Sasana. Chuaigh sí ag obair le Aer Rianta sa bhliain 1991, ag obair i mbun ailtireachta agus bainistíochta tograí go dtí gur ceapadh ar an mBord í.

Berna Grist Ceapadh Berna Grist ar an mBord ar feadh na tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2001 go dtí an 30 Meán Fómhair 2006. Tá sí cáilithe ina pleanálaí baile agus ina habhcóide. Sular ceapadh ar an mBord í, bhí sí ina léachtóire sa Roinn Pléanála Réigiúnaigh agus Uirbigh i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

Brian Swift Ceapadh Brian Swift ar an mBord ar feadh na tréimhse ón 3 Nollaig 2001 go dtí an 2 Nollaig 2006. Iarchomhairleoir cathrach agus iarchomhairleoir contae atá ann a rinne fónamh ar roinnt coistí, ina measc coiste pleanála Bhardas Phort Láirge. Ghnóthaigh sé céim Baitsiléir sa Dlí Sibhialta as Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus chaith sé níos mó ná 20 bliain ag obair ina aturnae chomh maith le léachtóireacht sa dlí a dhéanamh i gColáiste Teicniúil Réigiúnach Phort Láirge (Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge mar atá air anois).

Jane Doyle Ceapadh Jane Doyle ar an mBord ar feadh na tréimhse ón 1 Eanáir 2002 go dtí an 31 Nollaig 2004. Tá céim Máistreachta aici sa Phleanáil Réigiúnach agus sa Phleanáil Uirbeach chomh maith le dioplóma sa Bhainistíocht maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta as Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Tá taithí leathanréimseach aici ar obair sna húdaráis áitiúla agus bhíodh sí ina Cigire Pleanála Sinsearach leis an mBord sular ceapadh ina comhalta den Bhord í.

Karl Kent Ceapadh Karl Kent ar an mBord ar feadh na tréimhse ón 1 Eanáir 2002 go dtí an 31 Nollaig 2006. Bhain sé cáilíocht amach san ailtireacht (B. Arch.) agus sa phleanáil bailte (Dip. T.P) i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus tá dioplóma iarchéime aige sa Bhainistíocht maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus céim Máistreachta sa Chaomhnúchán Uirbeach agus sa Chaomhnúchán ar Fhoirgnimh aige ón bhforas céanna. Tá ballraíocht aige in Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann agus in Institiúid Pleanála na hÉireann. Tar éis dó fónamh ina

ailtire ar feadh roinnt blianta san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí, bhí sé le seirbhís pleanála údaráis áitiúil sular tháinig sé isteach ar fhoireann an Bhoird sa bhliain 1989. Bhí sé ina Chigire Pleanála Sinsearach leis an mBord sular ceapadh ina chomhalta den Bhord é.

Tom O'Connor Ceapadh Tom O'Connor ina chomhalta ar an mBord ar feadh na tréimhse ón 2 Deireadh Fómhair 2006 go dtí an 24 Samhain 2006. Bhí sé ina Oifigeach Pleanála leis an mBord Pleanála sular ceapadh é. Ailtire láncháilithe atá ann a bhfuil céim B.Arch san Ailtireacht aige agus Dioplóma sa Phleanáil Baile (Dip. T.P.)

2.3

EAGRÚCHÁN AN BHOIRD

Cathaoirleach

*John O'Connor

Leas-Chathaoirleach
*Brian Hunt

Comhaltaí an Bhoird
Margaret Byrne
Angela Tunney
Brian Swift
Jane Doyle
Karl Kent
Mary Bryan
Tom O'Connor

Príomh-Oifigeach
*Paul Mullally

AN FHOIREANN RIARACHÁIN	
	FOIREANN LUCHT GAIRME
Oifigigh Riaracháin Sinsearacha	
*Diarmuid Collins (Rúnaí)	Oifigeach Pleanála *Michael Walsh
*Gerard Egan	
*Chris Clarke	Leas-Oifigigh Pleanála
*Brid Hill	*Shay Carroll,*PadraicThornton *Des Johnson,*Ben Cranwell
*Ellen Morrin	
	Cigirí Pleanála Sinsearacha
Oifigigh Feidhmiúcháin Sinsearacha	
	Cigirí Pleanála
Oifigigh Feidhmiúcháin	
Cúntóirí Riaracháin	

*Comhaltaí an Choiste Bainistíochta	

3. FEIDHMEANNA AN BHOIRD

3.1 Réamhrá

Bunaíodh an Bord Pleanála sa bhliain 1977 faoin Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1976 ina chomhlacht corparáide neamhspleách agus tá de fhreagracht air breith a thabhairt faoi chásanna achomhairc, faoi chásanna faoi bhráid agus faoi chúrsaí áirithe eile faoi na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963 go dtí 1999 agus faoin Acht Pleanála agus Forbartha, 2000 ó shin. Tá de fhreagracht ar an mBord freisin déileáil le cásanna achomhairc faoin Acht Rialaithe Tógála, 1990, faoin Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977 agus 1990 agus faoin Acht um Thruailliú Aeir, 1987.

3.2 CÁSANNA ACHOMHAIRC FAOI NA HACHTANNA PLEANÁLA

3.2.1 Gnáthchásanna Achomhairc Pleanála

Is iad na cásanna achomhairc faoi alt 26 an Achta Pleanála 1963 agus alt 37 an Achta Pleanála 2000, ar a dtugtar go hiondúil gnáthchásanna achomhairc pleanála, príomhobair an Bhoird agus is iad a bhíonn i gceist leis an gcuid is mó de na cinntí a dhéanann an Bord. Eascraíonn na cásanna achomhairc as cinntí de chuid na n-údarás pleanála mar gheall ar iarratais ar chead pleánala chun forbraíocht a dhéanamh ar thalamh (iarratais san áireamh maidir le cead déanmhais a choinneáil nó leanacht d'úsáid ar leith). Cuireadh tosach feidhme leis na forálacha maidir le gnáthchásanna achomhairc pleanála faoi alt 37 an Achta Pleanála an 11 Márta 2002 agus baineann siad leis na cásanna achomhairc siúd faoi iarratais ar chead pleánála a rinneadh leis an údarás pleánála an dáta sin nó tráth is deireanaí ná an dáta sin. Is féidir na cásanna achomhairc a rangú de réir trí cinn de chatagóirí, eadhon:

- Cásanna achomhairc an chéad pháirtí in aghaidh chinneadh de chuid an údaráis pleanála diúltú cead pleanála a thabhairt.

- Cásanna achomhairc an chéad pháirtí in aghaidh choinníollacha a bheartaítear a chur le cead a thugann an t-údarás pleanála.

- Cásanna achomhairc an tríú páirtí, ar iondúil gur achomhairc iad in aghaidh chinneadh an údaráis pleanála cead pleanála a thabhairt.

I roinnt cásanna, tharlódh go mbeadh achomharc de chuid an chéad pháirtí agus achomharc de chuid an treas páirtí faoi chinneadh an údaráis pleanála.

Chomh maith leis na páirtithe a bhaineann le hachomharc, tharlódh freisin go mbeadh "breathnadóirí" i gceist, i.e. daoine eile a dhéanann cur faoi bhráid nó a chuireann tuairim in iúl don Bhord maidir le cás achomhairc.

3.3 Tograí Údaráis Áitiúil

Leagadh de fhreagracht ar an mBord an 1 Eanáir 2001, faoin Acht Pleanála agus Forbartha 2000, measúnú agus deimhnniú a dhéanamh maidir le forbraíocht mhór bhonneagair de chuid údaráis áitiúil ina limistéar feidhme féin (tograí maidir le mótarbhealaí agus bóithre san áireamh) agus le tograí de chuid údaráis áitiúil maidir héadáil éigeantach ar thalamh. Bhídís sin roimhe sin ar na feidhmeanna a leagtaí ar an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Is féidir tograí údaráis áitiúil, faoi mar a mbíonn ar an mBord cinneadh mar gheall orthu anois, a rangú go ginearálta i sé cinn de chatagóirí, eadhon, Éadáil Éigeantach, Tograí Bóthair, Tograí Eile a n-éilítear measúnacht tionchair timpeallachta (EIA) ina leith, cásanna EIA fo-thairsigh, Scópáil agus Díolúine ó Choinníollach EIA.

3.3.1 Éadáil Éigeantach

De réir alt 214 Acht na bliana 2000, sa chás go bhfuil beartaithe ag údarás áitiúil éadáil éigeantach a dhéanamh ar thalamh mar gheall ar aon cheann de na feidhmeanna reachtúla atá ar an údarás faoi:

Public Health (Ireland) Act, 1878
Local Government (Ireland) Act, 1898
An tAcht Rialtais Áitiúil, 1925
Water Supplies Act, 1942
An tAcht Rialtais Áitiúil (Uimh. 2), 1960
An tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1964
An tAcht Tithíochta, 1966
Acht na Láithreán Tréigthe, 1990,
Acht na mBóithre, 1993 agus 1998, nó
An tAcht um Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath, 1997.

Tá de cheart ag daoine a bhfuil leas acu sa talamh agóid a dhéanamh in aghaidh an éadála agus an agóid sin a theacht faoi bhreithniú an Bhoird. (Chun críche fheidhmeanna an Bhoird maidir le héadáil éigeantach faoi alt 214 agus alt 216 Acht na bliana 2000, meastar Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath mar a bheadh údarás áitiúil ann.)

3.3.2 Tograí Bóthair

De réir alt 215 Acht na bliana 2000, sa chás go mbeartaíonn údarás áitiúil togra mótarbhealaigh nó forbairt eile ar bhóthar a mbeadh EIA de dhíth lena aghaidh, ní mór aontú an Bhoird a fháil leis sin faoi Acht na mBóithre, 1993.

3.3.3 Tograí eile de chuid údaráis áitiúil a mbíonn Measúnacht Tionchair Timpeallachta de dhíth lena n-aghaidh

Sa chás go mbíonn beartaithe ag údarás áitiúil forbraíocht eile (seachas bóithre) a dhéanamh ina limistéar feidhme féin a thagann faoi réir EIA e.g. monarchana cóireála dramhaíola, tá dlite ar an údarás pleanála cur isteach ar cheadú an Bhoird leis an togra de réir alt 175 acht na bliana 2000. Leagtar amach i Sceideal 5 leis na Rialacháin Pleanála agus Forbartha, 2001 an fhorbraíocht a thagann faoi réir ag EIA sainordaithe.

Tháinig an ceadú seo in áit phróiseas deimhniúcháin an RTT i ndáil le hiarratais a cuireadh isteach tar éis an 8 Márta 2002. Maidir le forbraíocht dá shórt atá beartaithe a dhéanamh ina iomláine nó i bpáirt ar imeall trá, ní foláir iarratas a dhéanamh ar cheadú faoi alt 226 Acht na bliana 2000.

3.3.2 Cásanna fo-thairsigh EIA

Sa chás go mbíonn an fhorbraíocht ar chineál atá leagtha amach i Sceideal 5 le Rialacháin na bliana 2001 ach nach sáraítear leis cainníocht, achar ná teorainn eile a shonraítear sa Sceideal maidir le sórt na forbraíochta (forbraíocht fo-thairsigh), is féidir leis an mBord a éileamh ar an údarás áitiúil go gcuirtear RTT faoi bhráid sa chás gurb é tuairim an Bhoird gur dhócha go mbeadh tionchar den suntas ag an bhforbraíocht ar an timpeallacht.

3.3.3 Scópáil

Sa chás go bhfuil ceangailte ar údarás áitiúil RTT a chur faoi bhráid an Bhoird (cibé i gcás sainordaithe nó i gcás fo-thairsigh), is féidir leis an údarás áitiúil a iarraidh ar an mBord comhairle i scríbhinn a chur ar fáil faoin eolas is cóir a bheith sa RTT (scópáil).

3.3.4 Díolúine ó Choinníollacha EIA

I gcúinsí eisceachta, is féidir leis an mBord díolúine a ón gcoinníoll go n-ullmhófaí RTT i gcásanna áirithe a cheadú don údarás áitiúil.

3.4 CÁSANNA TAGARTHA AGUS CÁSANNA EILE FAOI NA hACHTANNA PLEANÁLA

3.4.1 Cead Achomhairc

Déantar foráil faoi Alt 37(6)(a) Acht na bliana 2000 ionas gur féidir, i gcásanna áirithe, le duine a bhfuil leas aige i dtalamh a shíneann leis an talamh a bhfuil cinneadh déanta cead pleanála a thabhairt ina leith ach nár chuir aighneacht ná tuairim faoi bhráid an údaráis pleanála maidir leis an iarratas, cead a lorg achomharc a dhéanamh in aghaidh chinneadh an údaráis pleanála.

3.4.2 Cásanna Tagartha/Cásanna faoi bhráid

Foráiltear faoi Alt 5 Acht na bliana 2000 do dhearbhú de chuid údaráis pleanála a chur faoi bhráid an Bhoird maidir le ceist a chuir duine chuig an údarás pleanála faoin ní is forbairt ann nó is forbairt dhíolmhaithe ann nó nach forbairt ann nó nach forbairt dhíolmhaithe ann in aon chás faoi leith. Foráiltear faoi Alt 5 Acht na bliana 2000 freisin, sa chás go dteipeann ar an údarás pleanála dearbhú a eisiúint taobh istigh de thréimhse ceithre seachtaine ó chuirtear ceist mar sin faoina bhráid, gur féidir leis an té atá ag iarraidh an dearbhaithe an cheist a chur faoi bhráid an Bhoird. Is féidir le húdarás pleanála freisin ceist dá sórt a chur faoi bhráid an Bhoird go díreach.

3.5 CÁSANNA ACHOMHAIRC FAOI ACHTANNA EILE

3.5.1 An tAcht um Rialú Foirgníochta

Foráiltear faoi Alt 7 an Achta um Rialú Foirgníochta, 1990 go bhféadann iarratasóir atá míshásta le cinneadh údaráis rialaithe foirgníochta maidir le hiarratas ar:

- dheimhniú sábháilteacht ó dhóiteán, nó
- ar dhispeansáid ó cheanglas de chuid na rialachán foirgníochta nó ar mhaolú ar aon cheanglas dá shórt, achomharc a dhéanamh leis an mBord

3.5.2 Na hAchtanna faoi Thruailliú Uisce

Foráiltear faoi na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) 1977 agus 1990 d'achomharc leis an mBord i ndáil le ceadúnais faoi na hAchtanna céanna. Fágann Alt 8 Acht na bliana 1977 arna leasú go bhféadann aon duine achomharc a dhéanamh leis an mBord i ndáil le ceadúnas eisilteach a scardadh amach in uiscí a thabhairt, diúltú ceadúnas dá shórt a thabhairt nó ceadúnas dá shórt a chúlghairm nó i ndáil le coinníollacha nó coinníollacha breise a chur ag gabháil le ceadúnas dá shórt nó coinníollacha a leasú nó a scriosadh. Fágann Alt 20 d'Acht na bliana 1977, arna leasú, go bhféadann duine ar diúltaíodh ceadúnas a thabhairt dó i ndáil le scardadh chun séarach, achomharc a dhéanamh leis an mBord i ndáil leis an diúltú. Sa chás go ndéantar ceadúnas scardadh chun séarach a thabhairt nó a chur faoi athbhreithniú, is féidir le sealbhóir na n-áitreabh ar uathu a dhéanfaí an scardadh is ábhar don cheadúnas achomharc a dhéanamh leis an mBord i ndáil le

cúlghairm an cheadúnais, coinníollacha nó coinníollacha breise a chur ag gabháil leis an gceadúnas nó coinníollacha a leasú nó a scriosadh

3.5.3 An tAcht um Thruailliú Aeir

Foráiltear faoi Alt 34 an Achta um Thruailliú Aeir, 1987 d'achomharc leis an mBord i ndáil le ceadúnais faoin Acht sin. Is féidir le duine ar bith achomharc a dhéanamh leis an mBord i ndáil le ceadúnas a thabhairt nó diúltú ceadúnas a thabhairt faoi alt 32 nó i ndáil le ceadúnas leasaithe a thabhairt faoi alt 33.

3.6 Príomhghnéithe an Chórais maidir le Cásanna Achomhairc Pleanála

Tá trí phríomhthréith ag baint leis an gcóras –

- is córas neamhspleách atá ann,
- is córas é a leagadh amach d'fhonn bheith cóir neamhchlaon, agus
- is córas follasach atá ann.

Tá forálacha soiléire sna hAchtanna Pleanála maidir le neamhspleáchas an Bhoird. Tagann leibhéal na foirne agus caiteachas an Bhoird faoi réir ag smacht Aire. Tá de chumhacht chomh maith ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil treoir ghinearálta faoi chúrsaí polasaí a eisiúint maidir le ceisteanna pleanála agus forbartha agus tá dlite ar an mBord aird a thabhairt ar threoir dá sórt. Ina ainneoin sin, foráiltear faoin dlí nach gcuirtear ar chumas an Aire leis an gcumhacht sin aon chumhacht ná smacht a oibriú maidir le haon chás achomhairc faoi leith. Sa bhliain 1976, glacadh go ginearálta leis gur cheart an Bord a chur ar bun mar d'aontaigh na páirtithe polaitíochta ag an am gur chóir binse neamhspleách ag plé le cinntí achomhairc i réimse chomh conspóideach agus chomh híogair le forbraíocht talún. Bíonn an Bord lántuisceanach faoin ngá atá leis an gcúram sin a chomhlíonadh go sásúil. Cé go gcaomhnaítear neamhspleáchas an Bhoird, cuireann an Bord lón comhairle ar fáil don Roinn faoi athrú a d'fhéadfaí a chur ar pholasaí i ndáil leis an bpleanáil fhisiciúil i bhfianaise a mbíonn de thaithí ag an mBod óna chuid déileála le cásanna achomhairc pleanála aonair ar fud na tíre.

Nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh ar chás achomhairc pleanála faoi leith, bíonn an Bord ag feidhmiú i ról gar-bhreithiúnach de réir phrionsabail an cheartais aiceanta. Ní nach ionann agus an cás maidir leis an gcuid is mó de na córais achomhairc pleanála san Eoraip, is féidir leis an tríú páirtí achomharc a dhéanamh faoi chóras na hÉireann. Tá méadú ag teacht ar an sciar de na cásanna achomhairc ar den chineál sin iad agus ba cás achomharc an tríú páirtí 50% de na cásanna achomhairc pleanála ar tugadh cinneadh ina leith sa bhliain 2002. Reáchtáileadh 24 éisteacht ó bhéal i rith na bliana sin d'fhonn cuidiú leis an

mBord ag plé le cásanna a raibh castacht ar leith ag baint leo nó sa chás go raibh ceisteanna mórthábhachta náisiúnta nó áitiúla ag teacht i gceist.

Ní bhíonn aon chur isteach polaitíochta maidir le cinneadh an Bhoird faoi chás ar leith. Faoi alt 114 an Achta Pleanála 2000, tá sé in aghaidh an dlí caidreamh a dhéanamh le haon chomhalta den Bhord chun críche tionchar míchuí a imirt ar an mbreith a thabharfaí maidir le hachomharc nó le cinneadh de chuid an Bhoird. Tá de dhualgas ar chomhaltaí agus ar fhostaithe de chuid an Bhoird chomh maith dearbhú a thabhairt maidir le leasa áirithe. Tá de mhodh oibre i bhfeidhm ag an mBord nach féidir le duine aonair amháin, comhalta Boird, cigire ná duine eile den fhoireann cinntiú gur toradh faoi leith a bheidh ar aon chás achomhairc ar bith. Triúr comhaltaí an *quorum* maidir le cruinniú Boird agus is iondúil go ndéanann na comhaltaí ar fad freastal ar chruinniú a mbíonn cás lena mbaineann castacht faoi leith nó cúinsí íogaire. Nuair a bhíonn achomharc á mheas, tugtar gach aighneacht atá ar an gcomhad san áireamh chomh maith le tuairisc (maille le comhairle) an chigire. Tugann an Bord an aird is cuí ar an tuairisc ach d'fhéadfadh an cinneadh a bheith ar mhalairt comhairle leis; sa bhliain 2002, ghlac an Bord le héirim ghinearálta chomhairle an chigire maidir le 89% de na cásanna.

Tugtar le fios le teideal fada an Achta Pleanála agus Forbartha 2000 gurb é is príomhchuspóir don Acht foráil, ar mhaithe leis an leas coitianta, don phleanáil chuí agus don fhorbairt inmharthana ar cheantar faoi leith. Nuair a chuirtear cás achomhairc faoi bhráid an Bhoird, éilítear go hiondúil go ndéanfaí cinneadh mar gheall ar an iarratas mar a bheadh sé á dhéanamh den chéad uair. Tá ceangailte ar an mBord go hiondúil dá bhrí sin na critéir chéanna a chur i bhfeidhm agus a chuireann an t-údarás pleanála; tá de shrian air, go háirithe, gan a thabhairt san áireamh ach an phleanáil agus an fhorbairt chuí sa cheantar sin. Tá de dhualgas ar Údaráis Pleanála faoin Acht Rialtais Áitiúil 1991, aird a bheith acu, i gcomhlíonadh a gcuid feidhmeanna dóibh faoi achtachán ar bith, do pholasaithe agus d'aidhmeanna an Rialtais nó aon Aire rialtais chomh fada agus a bhainfeadh sin lena gcuid feidhmeanna.

Tugtar de chumhacht don Bhord, sa léirmhíniú a bhaintear as 'pleanáil agus forbairt chuí' maidir le ceantar, dul in aghaidh fhorálacha de chuid an phlean forbartha, ach is annamh a fheictear gá le feidhm a bhaint as an gcumhacht sin. Tabharfaidh an Bord an polasaí poiblí maidir le ceisteanna mórthábhachta san áireamh i gcásanna cuí óir tá ceangailte ar an mBord faoi alt 143 an Achta Pleanála agus Forbartha 2000 fanacht ar an eolas, chomh mór agus a mheasann an Bord a mbeadh gá leis, faoi pholasaithe agus aidhmeanna Airí, údarás pleanála agus údaráis phoiblí áirithe eile, a bhainfeadh le hábhar. Sa chás go mbaineann an polasaí faoi fhorbairt eacnamaíochta agus faoi chruthú fostaíochta le hábhar cás achomhairc, tá de nós ag an mBord tagairt do thosca dá leithéid sa chinneadh, ach ní bhíonn tosca mar sin ina gcúinsí ábhartha ach amháin i gcásanna eisceachta. Bíonn aird ag an mBord ar phrionsabail na forbartha inmharthana agus féachtar le

teacht ar an gcothromaíocht chuí idir tosca timpeallachta agus tosca eacnamaíochta agus cinneadh á dhéanamh ar chásanna achomhair.

Déanann an Bord, sa chás go gcinntear mar gheall ar chás achomhair mar a bheadh sé á dhéanamh leis an mBord sa chéad áit, an cinneadh ar chás achomhairc a chur in iúl le hordú faoi shéala a mbíonn na cúiseanna leis an gcinneadh mar chuid de. I bhfianaise chineál agus réimse an phróisis achomhairc agus an fhoráil d'athbhreithniú breithiúnach ar chinneadh faoi chás achomhairc ar leith, ní bhaineann an Bord do phlé phoiblí ar thosca i bhfábhar ná in aghaidh chinneadh dá chuid.

Féachann an Bord le caighdeán na gcinntí a choinneáil ar ardleibhéal agus le cinntí a dhéanamh a bhfuil leanúnachas agus soiléire ag baint leo. I rith na bliana 2002, tugadh breith de chuid na hArd-Chúirte maidir le seacht gcinn de chúiseanna substainteacha; tugadh breith i bhfábhar an Bhoird i dhá chás acu agus breith in aghaidh an Bhoird i gcúig cinn. Maidir leis na cásanna deireanacha sin, bhain ceithre cinn de na breitheanna sin le cásanna inar thoiligh an Bord leis an ordú cinnidh a chur ar ceal mar gheall ar locht ó thaobh nós imeachta.

Is gné shuntasach den chóras achomhairc an fhollasacht a bhaineann leis an gcóras faoi láthair. Is féidir le duine ar bith den phobal an comhad iomlán maidir le cás achomhairc a thagann faoi bhráid an Bhoird a scrúdú go ceann cúig bhliana ón tríú lá oibre tar éis chinneadh i leith an achomhairc. Is féidir cóipeanna de cháipéisí ar bith ar an gcomhad a cheannach in oifigí an Bhoird. Ní bhíonn aon "uisce faoi thalamh" maidir le comhad aon chás achomhairc faoi leith. I gcomhthéacs na Seirbhíse Poiblí in Éirinn, tá follasacht eisceachtúil mar chóras ag baint leis an gcóras achomhairc. Bíonn an-tóir ag daoine den phobal ar an deis a thugtar dóibh ar eolas.

3.7 An Modh chun Achomharc Pleanála a dhéanamh

Tá cóip de bhileog dar teideal 'Achomharc Pleanála a Dhéanamh', arna ullmhú ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ceangailte leis an leabhar tagartha seo in Aguisín A agus bileog dar teideal 'Achomharc Pleanála a Dhéanamh faoi Acht Pleanála na Bliana 2000' in Aguisín B. Tá an t-eolas sin le fáil freisin ar láithreán gréasáin an Bhoird ag www.pleanala.ie/makinga2000appeal.html

3.8 Táillí le híoc leis an mBord Pleanála

Cineál an Cháis	Ar nó roimh an 30 Bealtaine 2003 [1]	Ar nó tar éis an 3 Meith 2003 [1]	Ar nó tar éis an 28 Feabh 2005 [1]
Na hAchtanna Pleanála			
(a) Achomharc in aghaidh chinneadh de chuid údaráis	€380	€1,800	€1,900

pleanála faoi iarratas ar chead pleanála maidir le **forbairt thráchtála**, arna dhéanamh ag an té a chuir isteach ar an gcead pleanála, sa chás go mbaineann an t-iarratas le **forbairt neamhúdaraithe.**			
(b) Achomharc in aghaidh chinneadh de chuid údaráis pleanála faoi iarratas ar chead pleanála maidir le **forbairt thráchtála**, arna dhéanamh ag an té a chuir isteach ar an gcead pleanála, seachas achomharc mar luaitear faoi (a) thuas.	€380	€600	€630
(c) Achomharc arna dhéanamh ag an té a chuir isteach ar an gcead pleanála, sa chás go mbaineann an t-iarratas le **forbairt neamhúdaraithe**, seachas achomharc mar luaitear faoi (a) nó (b) thuas.	€150	€600	€630
(d) Achomharc seachas mar a luaitear faoi (a), (b), (c) nó (f) [2].	€150	€200	€210
(e) Iarratas ar chead achomhairc.	N/A	€100	€105
(f) Achomharc tar éis cead achomhairc a thabhairt	. €150	€100	€105
(g) Cur faoi bhráid	€150	€200	. €210
(h) Táille laghdaithe (mar a bhíonn le híoc ag comhlachtaí sonraithe[3])	€75	€100	€105
(i) Aighneacht nó tuairim (de chuid bhreathnadóra)	€45	€50	€50
(j) Iarratas ó pháirtí ar éisteacht ó bhéal	€75	€90	€95
Na hAchtanna faoi Thruailliú Uisce			
Achomharc	€126	€126	€126
Táille laghdaithe (mar a bhíonn le híoc ag comhlachtaí sainordaithe áirithe).	€63	€63	€63
Aighneacht nó tuairim (de chuid	€38	€38	€38

bhreathnadóra).			
An tAcht um Thruailliú Aeir			
Achomharc	€60	€60	€60
Aighneacht nó tuairim (de chuid bhreathnadóra).	€10	€10	€10
Iarratas ó pháirtí ar éisteacht ó bhéal	€60	€60	€60
An tAcht um Rialú Foirgníochta			
Achomharc	€250	€250	€250

1. Bainean na táillí thuas faoi na hAchtanna Pleanála agus Forbartha 2000 agus 2002 le cásanna achomhairc agus cásanna faoi bhráid sa chás amháin gur cuireadh an t-iarratas isteach chuig an údarás pleanála an 11 Márta 2002 nó ina dhiaidh sin agus go bhfuarthas an t-achomharc nó an cur faoi bhráid in oifigí an Bhoird an 3 Meitheamh 2003 nó ina dhiaidh sin. Tá na táilliú faoi na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt) 2001 (I.R. 525 den bhliain 2001) i bhfeidhm i ngach cás eile.

2. Baineann le:- Gach cás achomhairc an tríú páirtí ach amháin achomharc de dhroim cead achomhairc a thabhairt; cásanna achomhairc pleanála an chéad pháirtí (achomharc faoi alt 37) nach mbaineann le forbairt thráchtála ná forbairt neamhúdaraithe; gach cás achomhairc eile (nach achomharc faoi alt 37 é) an chéad pháirtí.

3. Sonraítear na comhlachtaí seo san ordú de chuid an Bhoird lenar socraíodh na táillí. Tá na húdaráis phleanála ina measc chomh maith le comhlachtaí poiblí áirithe eile e.g. an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, Údarás Eitlíochta na hÉireann. Roimh an 3 eitheamh 2003, is é an táille laghdaithe a bhíonn le híoc ag comhlachtaí a sainordaítear sna Rialacháin Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt) 1994 arna leasú.

   N.B. Ní bheartaítear léirmhíniú dlí maidir leis na táillí atá le híoc leis an mBord a bheith sa treoir seo. Tá cóip den Ordú de chuid an Bhoird lena socraítear na táillí faoin Acht Pleanála ar fáil ar láithreán gréasáin an Bhoird. Tá breis eolais faoi tháillí a thagann faoi mhíreanna eile den reachtaíocht ar fáil sa mhír reachtaíochta chuí agus ar fáil ón mBord chomh maith.

4. FAISNÉIS ATÁ AR FÁIL FAOIN REACHTAÍOCHT AGUS FAISNÉIS A MBÍONN GHNÁTH-THEACHT AIR

4.1 Teacht an Phobail ar Chomhaid faoin Acht Pleanála agus Forbartha 2000

Treoir maidir leis na nósanna oibre –

4.1.1. Eolas Ginearálta

Faoi fhorálacha an Achta Pleanála agus Forbartha 2000, is féidir le duine ar bith comhaid maidir le cásanna achomhairc agus cásanna áirithe eile a ndéanann an Bord cinneadh ina leith a scrúdú. Is féidir chomh maith cóipeanna de cháipéisí ar na comhaid a cheannach faoi réir ag an Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000. Leagtar amach sa bhileog treorach seo freagraí ar cheisteanna coitianta maidir leis an teacht ar na comhaid sin.

4.1.2. Cad iad na comhaid is féidir a scrúdú?

Is féidir comhad maidir le cás achomhair nó cás eile a bhaineann leis an mBord a scrúdú saor ó tháille tar éis cinneadh a thabhairt i leith an cháis. Is féidir gach comhad dá shórt sin a scrúdú go ceann ar a laghad tréimhse cúig bhliana ón tríú lá oibre tar éis an lá ar a dtugtar cinneadh i leith an achomhairc nó gnóthaí eile.

4.1.3 Cathain is féidir comhaid a scrúdú?

Is féidir comhaid a scrúdú in oifigí an Bhoird ó Luan go hAoine idir 10 r.n. – 12.30 i.n. agus 2.30 i.n. – 4.30 i.n. taobh amuigh de laethanta saoire poiblí agus laethanta eile a mbeadh na hoifigí dúnta.

4.1.4 An mbeidh gach comhad ar fáil lena scrúdú ar a iarraidh?

Is iondúil go mbíonn comhaid ar fáil an tríú lá oibre tar éis an lá ar an dtugtar cinneadh i leith an achomhairc nó gnóthaí eile. Is iondúil, ach ní i gcónaí é, go mbíonn comhaid ar fáil ar a n-iarraidh go dtí go mbíonn dhá bhliain caite. Mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh comhad tugtha amach as oifigí an Bhoird ag Cigire ar feadh cúpla lá i ndáil le hobair chigireachta faoi chás achomhairc reatha. Is iondúil gur ar láthair eile a stóráiltear comhaid tar éis dhá bhliain agus d'fhéadfadh go mbeadh roinnt laethanta i gceist lena dtabhairt ar ais. Is féidir glaoch ar
(01) 858 8100 nó LoCall *1890 275 175* más mian leat seiceáil an mbeadh comhad faoi leith le scrúdú gan mhoill nó m ás mian leat cóipeanna de cháipéisí a cheannacht.

4.1.5. An féidir cóipeanna de cháipéisí atá ar chomhad a cheannach?

Faoi réir ag an Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000 (féach ceist 6 thíos), is féidir cóipeanna a cheannacht le linn na n-uaireanta oibre a luaitear faoi 3 thuas d'aon cháipéis atá ar na comhaid (tuairisc chigire an Bhoird, treoir an Bhoird agus ordú an Bhoird san áireamh). Ina ainneoin sin, ag brath ar an méid cóipeála a

bheadh i gceist agus/nó riaráiste maidir leis an obair chóipeála atá iarrtha, ní móide gur féidir na cóipeanna a chur ar fáil an tráth céanna a n-iarrtar iad. Ina leithéid sin de chás, cuirtear na cóipeanna ar aghaidh a luaithe is féidir gan aon chostas breise leis sin.

Leagtar amach sceideal na dtáillí cóipeála sa tábla atá ag gabháil leis seo. Ní féidir cóipeanna de cháipéisí a bhailiú ná a phostáil amach go dtí go mbíonn an táille cóipeála íoctha agus, nuair is cuí sin, an dearbhú dá dtagraítear maidir le ceist 6 curtha ar fáil. Is féidir tuairisc an chigire, treoir an Bhoird agus ordú an Bhoird a bhreathnú agus a íoslódáil ó láithreán gréasáin an Bhoird ag www.pleanala.ie saor ó chostas. Tá an deis (féinseirbhíse) sin ar fáil ag an bhFáiltiú san oifig chomh maith, gan aon chostas ansin ach oiread.

4.1.7. Conas a thagann an tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar i gceist maidir le cáipéisí a cheannach?

Foráiltear faoin Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000, nach dtagann cóipeáil ar ábhar ná ábhar a chur ar fáil don phobal chun críche an t-ábhar a bheith le scrúdú in áit eile nó ag tráth eile trasna ar an gcóipcheart sa chás go mbíonn ábhar ar fáil lena scrúdú ag an bpobal de dhroim ceangaltais faoin reachtaíocht nó é ar chlár reachtúil. Ina ainneoin sin, foráiltear faoin Acht Cóipchirt chomh maith gur chóir don té a thugann cead teacht ar ábhar, sa chás gur faoi na coinníollacha sin atá sé á chóipeáil, cinntiú go mbíonn marc air a léiríonn gur chun críche scrúdaithe a chuirtear ar fáil é agus nach féidir aon úsáid eile a bhaint as an ábhar gan ceadúnas chuige sin ón té ag a bhfuil an cóipcheart. Éilítear faoin Acht chomh maith nach foláir don té atá ag iarraidh ábhar dá shórt dearbhú a shíniú arna lua gur chun críche a scrúdaithe amháin atá an t-ábhar á iarraidh. Ní féidir cáipéisí de chomhaid a thagann faoi réir an Achta a ligean chun bealaigh gan dearbhú sínithe dá réir sin. Bheadh líníocht, pleananna agus mapaí san áireamh le cáipéisí den chineál sin. Ní thiocfadh cinneadh an Bhoird, treoir an Bhoird ná tuairisc an chigire san áireamh.

4.1.8. An cinneadh críochnaitheach cinneadh an Bhoird?

Is ea. De réir alt 50 an Achta Pleanála agus Forbartha 2000, ní féidir bailíocht chinneadh an Bhoird maidir le cás achomhairc pleanála a thabhairt faoi amhras ach amháin trí iarratas ar athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh leis an Ard-Chúirt tráth nach deireanaí ná ocht seachtaine ón dáta ar a dtugtar an cinneadh. Ní dhéanfaidh an Chúirt tuillteanais pleanála an cháis a athmheas agus ní féidir cead a thabhairt athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh mura mbíonn an Ard-Chúirt sásta go bhfuil cúiseanna suntasacha lena agairt nach den iontaofacht an cinneadh nó gur chóir an cinneadh a chur ar ceal agus go bhfuil leas suntasach ag an té atá ag iarraidh an athbhreithnithe breithiúnaigh sa cheist.

4.1.9. An féidir comhairle an Bhoird a iarraidh?

Tá de rún leis na próisis trínar féidir cáipéisí achomhairc a scrúdú agus a cheannach go mbeadh deis níos fearr ag an bpobal ar an eolas is bun le cinneadh. Níl de nós ag foireann an Bhoird ceisteanna pleanála nó próisis maidir le hachomharc a phlé ón uair a dhéantar cinneadh mar gheall air ó tharla nach bhfuil de chumhacht ag an mBord ábhar mar sin a thabhairt i gceist an athuair. Níorbh iomchuí ach oiread dá mbeadh comhairle á tabhairt ag an mBord mar gheall ar phróisis faoin dlí i ndáil le hathbhreithniú breithiúnach. Cé go bpléann baill áirithe den fhoireann le fiosrúchán ginearálta, níor cheart caidreamh a dhéanamh le comhalta den Bhord ná le cigire mar gheall ar ábhar ar bith.

4.10. Cé a chuireann cinneadh i bhfeidhm?

Is ar an údarás pleanála áitiúil den chuid is mó atá cúram maidir le cinneadh pleanála a chur i bhfeidhm agus léirmhíniú a bhaint as na coinníollacha a cuireadh ag gabháil le cinneadh, más cinneadh de chuid an Bhoird atá ann nó cinneadh de chuid an údaráis pleanála féin. Ní mór d'údarás pleanála, de réir na bhforálacha forfheidhme i gCuid VIII in Acht Pleanála na bliana 2000, beart a dhéanamh de réir mar a thagann gearán dáiríre isteach faoi fhorbairt neamhúdaraithe, lena n-áirítear neamh-chomhlíonadh chinneadh faoi chead pleanála. Is féidir le duine ar bith iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt nó leis an gCúirt Chuarda i ndáil le hurghaire i ndáil le forbairt neamhúdaraithe i gcásanna áirithe.

An Bord Pleanála
64 Sráid Mhaoilbhríde
Baile Átha Cliath 1
Teil (01) 858 8100
Faics (01) 8722684
Ríomhphost: publicaccess@pleanala.ie
Láithreán Gréasáin: www.pleanala.ie

Nóta. *Mar threoir a leagadh amach an cháipéis seo agus ní mheastar gur léirmhíniú ar an dlí atá ann.*

Leasaíodh: 5 Aibreán 2006.

Treoir faoi na

Rátaí a bhíonn le híoc maidir le Teacht Phoiblí ar Fhaisnéis

Cineál na Cóipe	
	Costas in aghaidh an leathanaigh
A4 Dubh	**€0.20**
A4 Daite	**€1.25**
A3 Dubh	**€0.40**
A3 Daite	**€1.75**
A2 Dubh	**€2.25**
A2 Daite	**€2.75**
A0/A1 Dubh	**€3.00**
A0/A1 Daite	**€3.50**
DD	**€6.00 in aghaidh an diosca**

4.2 Liostaí Seachtainiúla

Foilsíonn an Bord, de réir mar a luaitear sna Rialacháin, liostaí seachtainiúla ina dtugtar sonraí faoi gach cás achomhairc a fuarthas agus ar cinneadh air, a caitheadh amach nó a tarraingíodh siar agus cuirtear na liostaí ar taispeáint in oifigí an Bhoird. Is féidir le duine den phobal na liostaí, ar a liostaítear éisteachtaí ó bhéal chomh maith, a scrúdú agus/nó a cheannach. Déantar sin trí theacht i láthair ag an mbord fáilte nó trí tháille bliana a íoc maidir le bheith ar an liosta postála.

4.3 An Tuarascáil Bhliantúil

Bíonn eolas sa tuarascáil ar cheisteanna maidir le feidhmeanna an Bhoird, comhaltaí an Bhoird, modh eagrúcháin na foirne agus cuntais airgeadais an Bhoird.

Tugtar mionchur-síos staitistice chomh maith faoi líon na gcásanna achomhairc a thagann isteach an bhliain lena mbaineann an tuarascáil agus na pátrúin is léir in imeacht roinnt blianta trí thagairt do chineálacha na gcásanna, mar shampla cásanna faoi alt 26 nó faoi alt 37, cásanna tagartha agus deimhniúcháin agus cineálacha na gcinntí taobh istigh de réimsí áirithe cásanna.

4.4 An Láithreán Gréasáin

Thug an Bord isteach láithreán gréasáin dá chuid féin ar an idirlíon i mí na Nollag na bliana1997. Bíonn trácht ar an láithreán sin ar chuid mhór d'ábhar an leabhair thagartha seo. Tá sé ar fáil ag www.pleanala.ie. Is féidir tuairisc an Chigire, ordú an Bhoird agus treoir an Bhoird a bhreathnú agus a íoslódáil ó láithreán gréasáin an Bhoird. Foilsítear Cásanna Nua, Cásanna ar Cinneadh orthu agus sonraí faoi Éisteachtaí ó Bhéal ar an láithreán gréasáin gach Céadaoin, nó ar an Déardaoin i gcás lá saoire bainc.

4.5 Bileoga Eolais

Tá na bileoga seo a leanas foilsithe ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil:

Achomharc pleanála a dhéanamh. (Cóip den bhileog leis seo). (Aguisín A)
Treoir maidir le cead pleanála.
Iarratas a dhéanamh ar chead pleanála.
Tuairim faoi iarratas ar chead pleanála a chur faoi bhráid.
Tógáil Tí – Ceisteanna pleanála.
Obair thart ar an teach – Ceisteanna pleanála.
Forbairt Thalmhaíochta agus Fheirme – Ceisteanna pleanála.
Cúrsaí pleanála do lucht gnó.
An Plean Forbartha.
Measúnacht Tionchair Timpeallachta.
Treoir maidir leis na Rialacháin Tógála.

5. AN MODH A BHFAIGHTEAR EOLAS FAOIN ACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE

5.1 Eolas Ginearálta faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise

Ní mór iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise a dhéanamh i scríbhinn agus an fhaisnéis atá á hiarraidh a shonrú ann. D'fhonn éascaíocht a dhéanamh maidir le teacht ar an bhfaisnéis, is féidir le duine an fhoirm dar teideal "Iarratas maidir le Teacht ar Thaifid faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003" atá ceangailte leis seo (Aguisín C) a líonadh. Bheifí buíoch dá dtugtaí oiread sonraí agus is féidir d'fhonn a chur ar chumas fhoireann na hoifige an taifead a aimsiú. Cinntítear go mbíonn an táille cuí leis an iarratas de réir mar a leagtar amach faoi 5.2. Sa chás go bhfuil deacracht leis na taifid dhíreacha atá á n-iarraidh a shonrú, beidh foireann na hoifige sásta cúnamh a thabhairt le hiarratas a ullmhú.

Tá de dhualgas ar an mBord freagra a thabhairt ar iarratas taobh istigh de thréimhse ceithre seachtaine. Tá dlite admháil a chur ar iarratas taobh istigh de thréimhse dhá sheachtain.

Tá gach duine i dteideal iarratas a dhéanamh leis an mBord faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise d'fhonn teacht a bheith ar fhaisnéis atá ar coimeád ag an mBord nach bhfuil ar fáil go poiblí ar bhealaí eile.
Tá de cheart ag gach duine:

- teacht a bheith aige ar thaifid atá ar coimeád ag an mBord,
- a thabhairt go leasaítear faisnéis phearsanta maidir leis féin nó léi féin atá ar coimeád ag an mBord sa chás go bhfuil an fhaisnéis míchruinn, mí-iomlán nó míthreorach,
- teacht a bheith ar na cúiseanna le cinneadh de chuid an Bhoird a bhaineann go díreach leis féin nó léi féin.

Tagann na taifid seo a leanas faoi scáth na nAchtanna:

- gach taifead a bhaineann le heolas pearsanta atá ar coimeád ag an mBord gan bheann ar an tráth ar cruthaíodh an taifead,
- gach taifead eile a cruthaíodh ón dáta ar tháinig éifeacht leis na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, (an 21 Aibreán 1998),
- aon taifead eile is gá chun tuiscint a bhaint as taifead reatha.

Ní bhaineann an ceart le "taifid dhíolmhaithe" a leagtar amach go mionsonraithe sna hAchtanna.

Ní bhaineann na hAchtanna le taifid atá ar fáil go poiblí cheana féin. Mar shampla, bíonn cás achomhairc a ndéanann an Bord cinneadh ina leith ar fáil le ceannach nó le scrúdú faoi chóras deis phoiblí an Bhoird – cuirtear tuairisc leis na fáilteoirí in oifig an Bhoird.

5.2 Iarratais faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise

Ba chóir iarratais ar fhaisnéis faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise a sheoladh chuig:

Ms. Bernie Redmond,
An tOifigeach Saorála Faisnéise,
An Bord Pleanála,
64 Sráid Mhaoilbhríde,
Baile Átha Cliath 1.
Fón: (01) 858 8100 Fo-líne. 285
Faics: (01) 872 2684
Ríomhphost: b.redmond@pleanala.ie

Ní mór gnáth-tháille iarratais dar luach €15 a bheith istigh le hiarratas maidir le Saoráil Faisnéise faoi alt 7 i ndáil le taifead nó taifid ina bhfuil faisnéise neamhphearsanta.

Táille laghdaithe dar luach €10 atá i gceist sa chás go bhfuil cárta leighis ag an iarratasóir.

Baineann díolúine le hiarratais de na cineálacha seo a leanas:

(a) iarratas faoi alt 7 i ndáil le taifead nó taifid nach bhfuil iontu ach eolas pearsanta a bhaineann leis an iarratasóir.

(b) iarratas faoi alt 17 (an ceart go leasófaí taifid a bhaineann le faisnéis phearsanta).

(c) iarratas faoi alt 18 (an ceart atá ag duine ar fhaisnéis faoi bheart de chuid comhlachta poiblí a bhaineann leis an duine sin).

5.3 Ceart Athbhreithnithe agus Ceart Achomhairc

Tá sraith cásanna díolúine leagtha amach sna hAchtanna d'fhonn eolas de chineál íogair a chosaint sa chás go ndéanfaí dochar do leasa mórthábhachta an Stáit nó tríú páirtí lena fhoilsiú. Sa chás go mbaineann comhlacht poiblí feidhm as na forálacha sin d'fhonn faisnéis a choinneáil siar, is féidir achomharc a dhéanamh mar gheall ar an gcinneadh sin. Is féidir achomharc a dhéanamh freisin i ndáil le cinneadh maidir leis an teacht ar fhaisnéis a chur ar atráth, le táillí, an bealach ina mbeidh teacht ar an bhfaisnéis, etc.. Seo a leanas, sonraí faoi na córais achomhairc:

5.3.1 Athbhreithniú Inmheánach

Is féidir athbhreithniú inmheánach a iarraidh ar an mbunchinneadh, sa chás:

(a) go bhfuiltear míshásta leis an gcéad fhreagra a fuarthas e.g. diúltú an fhaisnéis a thabhairt, an bealach ina raibh teacht ar an bhfaisnéis, na táillí, etc., nó

(b) nach bhfuarthas freagra ar an iarratas taobh istigh de thréimhse ceithre seachtaine den iarratas a dhéanamh ar dtús. Meastar gur ionann sin agus diúltú don iarratas agus féadann an t-iarratasóir dul ar aghaidh ansin le hathbhreithniú inmheánach a iarraidh.

Oifigeach ar leibhéal níos airde a dhéanann an t-athbhreithniú. Ba chóir iarratas ar athbhreithniú inmheánach a chur i scríbhinn chuig:

Diarmuid Collins Uasal,
Rúnaí,
An Bord Pleanála,
64 Sráid Mhaoilbhríde,
Baile Átha Cliath 1.
Fón: (01) 858 8100
Faics: (01) 872 2684
Ríomhphost: d.collins@pleanala.ie

Ní foláir iarratas dá shórt ar athbhreithniú inmheánach a chur faoi bhráid taobh istigh de thréimhse ceithre seachtaine ó tugtar an cinneadh ar dtús. Ní foláir an t-athbhreithniú inmheánach a thabhairt chun críche taobh istigh de thréimhse trí seachtain. Is iondúil gur gá an t-athbhreithniú inmheánach a thabhairt chun críche sular féidir achomharc a dhéanamh leis an gCoimisinéir Faisnéise.

Ní mór ghnáth-tháille caighdeánach €75 a bheith ag dul le hiarratas ar athbhreithniú inmheánach faoi alt 14.

Táille laghdaithe €25 a bhíonn i gceist sa chás go bhfuil cárta leighis ag an té a dhéanann an t-iarratas nó gur duine cleithiúnaigh le duine a bhfuil cárta leighis aige atá ann.

Baineann díolúine le hiarratais de na cineálacha seo a leanas ar athbhreithniú inmheánach:

(a) iarratas maidir le cinneadh i ndáil le taifid nach bhfuil iontu ach eolas pearsanta a bhaineann leis an iarratasóir.

(b) iarratas maidir le cinneadh faoi alt 17 (an ceart go leasófaí taifid a bhaineann le faisnéis phearsanta).

(c) iarratas maidir le cinneadh faoi alt 18 (an ceart atá ag duine ar fhaisnéis faoi bheart de chuid comhlachta poiblí a bhaineann leis an duine sin).

(d) iarratas maidir le cinneadh táille nó éarlais a ghearradh nó táille nó éarlais ar luach áirithe a ghearradh.

5.3.2 Athbhreithniú de chuid an Choimisinéara Faisnéise

Tar éis athbhreithniú inmheánach a theacht chun críche, is féidir le hiarratasóir athbheithniú neamhspleách de chuid an Choimisinéara Faisnéise ar an gcinneadh a iarraidh. Chomh maith leis sin, sa chás nach bhfaightear freagra ar iarratas ar athbhreithniú inmheánach taobh istigh de thréimhse trí seachtaine, meastar gur ionann sin agus diúltú don iarratas agus is féidir leis an iarratasóir achomharc a dhéanamh faoin gcás leis an gCoimisinéir.

Is féidir achomharc a dhéanamh i scríbhinn leis an gCoimisinéir Faisnéise ag an seoladh seo a leanas:

Oifig an Choimisinéara Faisnéise,
19 Sráid Líosain Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2.
Fón (01) 6395689
Faics (01) 6610570
Ríomhphost foi@ombudsman.gov.ie
Gréasán: www.oic.ie

Beidh breith an Choimisinéara ina cheangal faoi réir ag achomharc chuig an Ard-Chúirt maidir le ponc dlí.

Ní foláir táille caighdeánach €150 a bheith ag gabháil le hiarratais chuig an gCoimisinéir Faisnéise ar athbhreithniú ar chinneadh de chuid comhlachta poiblí faoi alt 34.

Bíonn táille laghdaithe dar luach €50 i gceist sa chás :

(a) go bhfuil cárta leighis ag an té a dhéanann an t-iarratas nó é ina dhuine cleithiúnaigh ag duine a bhfuil cárta leighis aige nó aici nó

(b) go sonraítear an té a dhéanann an t-iarratas faoi alt 29(2) i.e. tríú páirtí a bhfuil de cheart aige iarratas a dhéanamh go díreach leis an gCoimisinéir Faisnéise sa chás go socraíonn comhlacht poiblí faisnéis mar gheall air a scaoileadh ar chúiseanna leasa poiblí.

Tá díolúine ag baint le hiarratais mar seo a leanas leis an gCoimisinéir Faisnéise:

(a) iarratas i ndáil le taifid nach bhfuil iontu ach eolas pearsanta a bhaineann leis an iarratasóir.

(b) iarratas i ndáil le cinneadh faoi alt 17 (an ceart go leasófaí taifid a bhaineann le faisnéis phearsanta).

(c) iarratas i ndáil le cinneadh faoi alt 18 (an ceart atá ag duine ar fhaisnéis faoi bheart de chuid comhlachta poiblí a bhaineann leis an duine sin).

(d) iarratas maidir le cinneadh táille nó éarlais dar luach is airde ná €25.00 a ghearradh i ndáil le cuardach agus aisghabháil agus fótachóipeáil ar thaifid (ní thagann cinntí i ndáil

le táillí nó éarlaisí dar luach is ísle ná €25.00 a ghearradh i ndáil le cuardach agus aisghabháil agus/nó fótachóipeáil ar thaifid faoi réir athbhreithniú de chuid an Choimisinéara Faisnéise).

(e) iarratas maidir le cinneadh táille a ghearradh faoi alt 47(6A), nó táille dar luach áirithe a ghearradh faoi alt 47(6A), ar fhoras nach eolas pearsanta amháin maidir leis an iarratasóir atá sna taifid a thagann i gceist nó nach bhfuil cárta leighis ag an iarratasóir nó nach bhfuil an t-iarratasóir ina dhuine cleithiúnaigh ag duine a bhfuil cárta leighis aige.

5.4 Táillí maidir le Saoráil Faisnéise (Tábla)

Treoir maidir le táillí a bhaineann le hiarratais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.
Le héifeacht ó Dé Luain, an 7 Iúil 2003.

Cineál an Iarratais	Gnáth-tháille*	Táille Laghdaithe* & ** & ***
Iarratas maidir le taifead faoi alt 7		
Iarratas tosaigh	€15	€10
Achomharc inmheánach	€75	€25
Achomharc leis an gCoimisinéir Faisnéise	€150	€50
Iarratas faoi alt 7 maidir le faisnéis phearsanta	Níl táille i gceist	Níl táille i gceist
Iarratas faoi alt 17 go leasófaí taifead ina bhfuil faisnéis pearsanta mhíchruinn, mhí-iomlán nó mhíthreorach	Níl táille i gceist	Níl táille i gceist
Iarratas faoi alt 18 maidir leis na cúiseanna le cinneadh a chuireann isteach ar an duine aonair	Níl táille i gceist	Níl táille i gceist

* Ní bheidh táille i gceist sa chás go ndéanann duine achomharc in aghaidh chinneadh táille nó éarlais, nó táille nó éarlais suime áirithe a ghearradh faoi alt 47 an Achta um Shaoráil Faisnéise

** Beidh táille laghdaithe i gceist i ndáil le tríú páirtí a dhéanann achomharc in aghaidh chinneadh de chuid chomhlachta poiblí faisnéis dá chuid a scaoileadh ar bhonn leas an phobail
*** Beidh táille laghdaithe i gceist maidir le sealbhóir cárta leighis nó daoine cleithiúnaigh leo ar an gcárta leighis a thaispeáint

6. RANGÚ AR NA TAIFID ATÁ AR COIMEÁD AG AN MBORD

6.1 Seo a leanas an rangú ar chineálacha taifead:-

1. Eolas Pearsanra.
Comhaid phearsanra maidir le comhaltaí agus foireann an Bhoird.

2. An Cód Pearsanra – ar fáil ón Roinn Airgeadais.

3. Scéimeanna Pinsin.

4. **Scéim na n-uaireanta oibre solúbtha – saoire bhliantúil a thabhairt ar aghaidh – comhaid ilghnéitheacha maidir le cúrsaí pearsanra/cúrsaí riaracháin go ginearálta.**

5. **Comhaid maidir le cásanna achomhairc agus gnóthaí eile de chuid an Bhoird.**

6. Comhaid maidir le cuntais agus tuarastail.
Nósanna oibre maidir le soláthar ar threalamh/seirbhísí.
Taifid maidir le híocaíochtaí/admhálacha a rinneadh le/fuarthas ó sholáthraithe/custaiméirí.

7. Comhaid maidir le Teicneolaíocht an Eolais

8. Obair Riaracháin maidir le Cásanna Achomhairc.

9. Staitisticí.

10. Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais.

11. Miontuairiscí Chruinnithe an Bhoird.

12. Cód Iompair Chomhaltaí an Bhoird.

Treoir maidir le hAchomharc Pleanála a Dhéanamh

Tá próiseas cuimsitheach achomhairc mar chuid den chóras pleanála. Faoin bpróiseas sin, tagann gach cinneadh pleanála a dhéanann údarás áitiúil faoi réir ag athbhreithniú neamhspleách ag an mBord Pleanála (an Bord). Tugtar mionsonraí sa bhileog seo faoi phríomhghnéithe an phróisis achomhairc agus tá sé leagtha amach mar threoir phraiticiúil maidir leis na nósanna oibre faoin Acht Pleanála agus Forbartha 2000. Ní léirmhíniú sainiúil dlíodóireachta atá ann ar dlí na pleanála. Moltar an bhileog '*Treoir maidir le táillí a bhíonn le híoc leis an mBord'* a léamh chomh maith. Tá sin agus eolas breise ar fáil ón mBord nó ón údarás pleanála áitiúil.

1. An bhfuil foirm iarratais ann maidir le hachomharc a dhéanamh?
Níl aon fhoirm iarratais reachtúil ann maidir le hachomharc a dhénamh. Ina ainneoin sin, tá '*Foirm/Seicliosta Achomhairc Pleanála'* curtha ar fáil ag an mBord ar féidir a úsáid a bhaint as mar bharrleathanach i gcás achomharc. Cuirtear treoir ar fáil leis an gcáipéis sin atá éasca a leanacht agus, sa chás go leantar an treoir ar gach bealach, ba chóir go mba chabhair é le cinntiú go mbíonn an t-achomharc inghlactha. Meabhraítear gur ar an té a dhéanann an t-achomharc atá an dualgas sin a dhéanamh ar bhealach atá inghlactha. Tá an doiciméad ar fáil ón mBord, is féidir é a fháil ón suíomh idirlín www.pleanala.ie agus ba chóir go mbeadh sé ar fáil ón údarás pleanála áitiúil.

2. Cé a fhéadann achomharc a dhéanamh?

- Iarratasóir ar chead pleanála (an chéad pháirtí), agus
  aon duine, comhlacht nó grúpa leasmhar eile etc. a chuir aighneachtaí nó tuairim i scríbhinn chuig an údarás pleanála i ndáil leis an iarratas pleanála de réir na rialacháin faoi cheadanna (tríú páirtí). Tá dhá chás eisceachta maidir leis an gcoinníoll go mbeadh aighneacht nó tuairim curtha faoi bhráid roimh ré: -

(1) sa chás go bhfuil comhlacht forordaithe a bhí i dteideal fógra a fháil ón údarás pleanála faoi iarratas pleanála agus nár tugadh fógra de réir an dlí, féadfaidh an comhlacht achomharc a chur isteach in aghaidh chinneadh an údaráis pleanála gan aon aighneacht ná tuairim mar gheall ar an iarratas pleanála a lua.

(2) féadann duine a bhfuil leas aige i dtalamh atá ag síneadh le suíomh an iarratais (e.g. úinéir nó sealbhóir) iarratas a dhéanamh leis an mBord maidir le cead achomhairc in aghaidh chinneadh an údaráis pleanála (féach ceist 29).

3. An mbaineann teorainn ama le hachomharc?
Ach amháin sa chás go dtugann an Bord cead do dhuine achomharc a dhéanamh (féach ceist 2(2) agus ceist 29), ní mór an t-achomharc a theacht chuig an mBord taobh istigh de ceithre seachtaine ón dáta a ndéanann an t-údarás pleanála an cinneadh (N.B. ní hé an dáta a seoltar amach an cinneadh ná an dáta a bhfaightear é). Comhairtear an lá an chinnidh féin ar an gcéad lá. Mar shampla, sa chás go ndéantar cinneadh an údaráis pleanála Dé Céadaoin, an dara lá den mhí, is é Dé Máirt, an naoú lá is fiche den mhí chéanna, an lá deiridh chun achomharc a fháil.

Sa chás go dtugtar cead achomhairc do dhuine, ní mór an t-achomharc a theacht chuig an mBord taobh istigh de dhá sheachtain ó fhaigheann sé nó sí fógra faoin gcead sin.

Is teorainneacha dochta ama iad seo a luaitear sa reachtaíocht. Ní fhéadann an Bord glacadh le hachomhairc dhéanacha dá thogra féin, cibé má sheoltar ar an bpost iad ná ar aon slí eile. Ar an achomharcóir féin atá gach freagracht maidir lena chinntiú go dtagann an t-achomharc nó aon ábhar eile in am nó go seoltar in am tráth é ionas go dtagann sé taobh istigh den tréimhse chuí. Níl achomharc ná aon ábhar eile a chuirtear sa phost taobh istigh den tréimhse cheadaithe ach a thagann tráth is deireanaí ná sin

inghlactha. Tugtar míniú breise faoi chúrsaí na dteorainneacha ama sna freagraí ar cheisteanna 25, 26 agus 27.

4. Conas a dhéantar achomharc?
Ní mór gach achomharc a dhéanamh i scríbhinn agus:

- a sheoladh tríd an b**post** chuig:
    - An Rúnaí,
      An Bord Pleanála,
      64 Sráid Mhaoilbhríde,
      Baile Átha Cliath 1,

- **nó**, a thabhairt de láimh d'fhostaí de chuid an Bhoird ag oifigí an Bhoird le linn uaireanta oifige (9.15 r.n. go dtí 5.30 i.n. ó Luan go hAoine ach amháin lá saoire poiblí agus lá eile a mbeadh na hoifigí dúnta). Ní bhíonn achomhairc a chuirtear i mbosca litreach an Bhoird inghlactha.
-

Ní foláir an t-achomharc a bheith slán iomlán ón tús – níl cead soiléiriú ná breis míniúcháin a thabhairt ar aon chuid de ná aon chuid de a chur faoi bhráid tráth is faide anonn, fiú taobh istigh den teorainn ama. (Féach freisin ceist 14 thíos.)

5. Cad is gá a chur isteach leis an achomharc?
Ainm agus seoladh an achomharcóra – nach mór a bheith **luaite go soiléir**. Sa chás gur gníomhaire a dhéanann achomharc thar ceann an achomharcóra, ní mór ainm agus seoladh an ghníomhaire **agus** ainm agus seoladh an achomharcóra a **lua go soiléir**.

-

Ábhar an achomhairc – ní mór dóthain sonraí a thabhairt a chuirfidh ar chumas an Bhoird an cinneadh is ábhar don achomhairc a shonrú go héasca (e.g. cóip de chinneadh an údaráis pleanála, nó sonraí faoi chineál na forbraíochta beartaithe agus faoin suíomh, nó ainm an údaráis pleanála agus an uimhir thagartha a luaitear ar an gclár pleanála leis an gcinneadh a bhfuiltear ag déanamh achomhairc mar gheall air).

-

Forais an achomhairc agus ábhar agus argóintí atá mar bhonn leis. Ní fhéadann an Bord breithniú a dhéanamh ar aon fhorais achomhairc ná ar aon fhaisnéis a chuirtear isteach tar éis an achomhairc (ach amhain faisnéis a iarrann an Bord féin go sonrach) agus ní féidir leis an mBord ceisteanna nach mbaineann le cúrsaí pleanála a thabhairt san áireamh; níor chóir, dá bhrí sin, ceisteanna den sórt sin a lua mar fhoras achomhairc. (Féach freisin ceist 23 thíos).

An táille cuí. Tá sonraí faoi tháillí ar fáil ón mBord nó ón údarás pleanála áitiúil.

-

I gcás achomharc tríú páirtí, admháil ón údarás pleanála go bhfuarthas aighneacht nó tuairim a chuir an t-achomharcóir faoi bhráid an údaráis pleanála tráth an iarratais d'fhonn a léiriú go ndearnadh aighneacht nó tuairim a chur faoi bhráid an tráth sin. Ní ghlactar le cóip d'fhógra faoin gcinneadh ná le haon ní dá shórt sin mar admháil go bhfuarthas aighneacht nó tuairim a cuireadh faoi bhráid.)

-

6. Cad a tharlaíonn sa chás nach mbíonn achomharc iomlán?

Sa chás nach gcomhlíontar gach a n-éilítear faoin dlí an tráth a ndéantar an t-achomharc (féach na hailt roimhe seo maidir le treoir), tá sé neamhbhailí agus ní féidir leis an mBord é a bhreithniú. (Féach freisin ceist 14 thios).

7. An mbaineann táillí éagsúla le cásanna faoi leith?

Baineann. Sa chás, mar shampla, go mbaineann cás achomhairc le forbraíocht thráchtála (forbairt ar dhá theach nó níos) agus/nó forbairt neamhúdaraithe (lena n-áirítear formhór na n-oibreacha forbartha agus na n-athruithe úsáide a dhéantar gan cead a thabhairt roimh ré chuige) agus gurb é an chéad pháirtí a dhéanann an t-achomharc, bíonn táillí is airde ná na gnáth-tháillí i gceist. Bíonn táillí faoi leith i gceist chomh maith i

gcás catagóirí eile, mar shampla "breathnadóirí" (féach ceist 11), comhlachtaí poiblí áirithe agus i gcás éisteachtaí ó bhéal. Tá mioneolas ar fáil ach ordú deimhniúcháin an Bhoird maidir le táillí a cheadú.

8. An féidir comhad an údaráis pleanála a bhreathnú sula ndéantar achomharc?

Is féidir. Cuirfidh an t-údarás pleanála an t-iarratas ar chead pleanála agus aon aighneacht nó tuairim a cuireadh faoi bhráid i ndáil leis an iarratas ar fáil d'fhonn a n-iniúchadh ag daoine den phobal ag oifigí an údaráis pleanála a luaithe is féidir tar éis iad a fháil.

Taobh istigh de 3 lá oibre ó déantar cinneadh, cuirfidh an t-údarás pleanála na nithe seo a leanas ar fáil ag an oifig freisin d'fhonn a n-iniúchadh ag daoine den phobal -

- an t-iarratas iomlán agus aon fhaisnéis bhreise a chuir an t-iarratasóir ar fáil,
- tuairiscí an údaráis féin ar an iarratas,
- an cinneadh agus an fógra a tugadh faoin gcinneadh sin don iarratasóir agus d'aon duine nó comhlacht a chuir aighneacht nó tuairim faoi bhráid i ndáil leis an iarratas.

.

9. An féidir cóipeanna a fháil de na cáipéisí a bhaineann le hiarratas pleanála?

Is féidir. Is féidir cóipeanna de na cáipéisí a dtagraítear dóibh faoi 8 thuas a cheannach ón údarás pleanála ar chostas réasúnach.

10. An bhfuil cinntí áirithe nó coinníollacha áirithe de chuid an údaráis phleanála i leith cead pleanála nach féidir achomharc a dhéanamh mar gheall orthu?
(a) Ní féidir achomharc a dhéanamh leis an mBord sa chás go n-údaraíonn na Cúirteanna d'údarás pleanála cead a dhiúltú ar an mbonn gur theip ar an lucht forbraíochta nó ar dhuine gaolmhar cloí le cead a tugadh cheana.
(b) Sa chás gur cinneadh cead a thabhairt de dhroim cead imlíne a tugadh cheana, ní féidir achomharc a dhéanamh leis an mBord in aghaidh an chinnidh sin i ndáil le haon ghné den chinneadh ar le linn an cead imlíne a thabhairt a cinneadh mar gheall air.
(c) Ní féidir, tríd is tríd, achomharc a dhéanamh leis an mBord i ndáil le coinníollacha in aghaidh ranníocaíochtaí airgid arna gcur i bhfeidhm faoi Scéimeanna Ranníocaí Forbartha ná Scéimeanna Ranníocaí Forbartha Forlíontacha.

Ina dhiaidh sin féin, is féidir achomharc a dhéanamh in aghaidh coinníollacha ranníocaí speisialta arna gcur i bhfeidhm ag údarás pleanála agus ceadaítear achomharc chomh maith sa chás go measann forbróir nach go cuí a cuireadh téarmaí Scéim Ranníocaí Forbartha nó Scéim Ranníocaí Forbartha Fhorlíontach i bhfeidhm. I gcásanna den sórt sin, nuair nach bhfuil aon deis eile achomhairc in aghaidh chinneadh an údaráis pleanála, is féidir leis an údarás pleanála an cead a thabhairt d'ainneoin an t-achomharc leis an mBord ar an gcoinníoll go dtugann an té atá ag déanamh an achomhairc urrús go n-íocfar suim iomlán an ranníoca nó an ranníoca speisialta, de réir mar is cuí.

11. An féidir tuairim a chur faoi bhráid an Bhoird gan achomharc a dhéanamh?

Sa chás go bhfuil achomharc déanta cheana féin, is féidir le duine eile a bheith ina "bhreathnadóir" agus aighneachtaí nó tuairimí a chur faoi bhráid maidir leis an achomharc. Is féidir cóip den achomharc a bhreathnú in oifig an údaráis pleanála.

Ceithre seachtaine ón tráth a bhfaigheann an Bord an t-achomharc (nó an t-achomharc deiridh sa chás go ndéantar níos mó ná achomharc amháin) an teorainn ama le haighneacht nó tuairimí nó, sa chás go gcuirtear isteach Ráiteas Tionchair Timpeallachta, ceithre seachtaine ón dáta a bhfoilsíonn an Bord fógra go bhfuarthas sin nó, sa chás go n-iarrann an Bord ar an iarratasóir fógra breise a fhoilsiú ar an suíomh nó sna nuachtáin, ceithre seachtaine ón dáta a bhfoilsítear an fógra sin.

Dá bhrí sin, má fhaightear achomharc Dé Céadaoin, an dara lá den mhí, is é Dé Máirt an naoú lá is fiche den mhí chéanna an dáta deiridh chun aighneacht nó tuairim mar gheall ar an achomharc a fháil ó "bhreathnadóir". Féach freisin ceisteanna 25, 26 agus 27 thíos maidir le teorainneacha ama. Sa chás go dtarraingíonn an té a rinne an t-achomharc siar é (nó go dtarraingítear siar na hachomhairc ar fad sa chás gur mó ná ceann amháin atá i gceist), seasfaidh cinneadh an údaráis pleanála agus ní bheidh feidhm feasta le haighneachtaí a cuireadh faoi bhráid.

12. Conas a chuirim mo chuid tuairimí in iúl don Bhord?
Ba cheart do "bhreathnadóir" aighneacht nó tuairim i scríbhinn a chur faoi bhráid trína: -

- seoladh tríd an b**post** chuig: An Rúnaí,
  An Bord Pleanála,
  64 Sráid Mhaoilbhríde,
  Baile Átha Cliath 1.

- **nó**, trína thabhairt isteach chuig oifigí an Bhoird. (Uaireanta oifige ó 9.15 r.n. go dtí 5.30 i.n. ó Luan go hAoine ach amháin lá saoire poiblí nó lá eile a mbeadh na hoifigí dúnta).
-

13. **Cad is gá a chur isteach le haighneacht nó le tuairim?**

- Ainm agus seoladh an bhreathnadóra – nach mór a bheith **luaite go soiléir**. Sa chás gur gníomhaire a chuireann aighneacht nó tuairim faoi bhráid thar ceann an bhreathnadóra, ní mór ainm agus seoladh an ghníomhaire **agus** ainm agus seoladh an bhreathnadóra a **lua go soiléir**.
- Ábhar na haighneachta nó na tuairime – ní mór dóthain sonraí a thabhairt a chuirfidh ar chumas an Bhoird an t-iarratas/achomharc is ábhar don aighneacht a shonrú go héasca e.g. cóip de chinneadh an údaráis pleanála, nó an uimhir thagartha a luaitear leis an achomharc.
- Forais na haighneachta agus na tuairime maille le hábhar agus argóintí atá mar bhonn leo. Ní fhéadann an Bord breithniú a dhéanamh ar aon aighneachtaí ná ar aon tuairimí ná ar aon eolas eile a chuirtear isteach tar éis an chéad aighneacht nó an chéad tuairim a chur faoi bhráid (ach amhain faisnéis a iarrann an Bord féin go sonrach) agus ní féidir leis an mBord ceisteanna nach mbaineann le cúrsaí pleanála a thabhairt san áireamh.
- An táille cuí (ach amháin i gcás comhlachtaí áirithe mar atá sonraithe ag an mBord). Tá sonraí faoi tháillí ar fáil ón mBord nó ón údarás pleanála áitiúil.

14. Sa chás nach mbíonn achomharc nó tuairim bailí, an féidir an t-achomharc nó an tuairim a lóisteáil arís?
Sa chás go gcomhlíontar go hiomlán GACH CEANN de na coinníollacha an tráth a ndéantar achomharc nó tuairim lóisteáil in athuair, glacfar leis. Is iad na coinníollacha atá i gceist go gcaitheann an t-achomharc nó an tuairim a theacht isteach in am (féach ceist 3 nó ceist 11, de réir mar is cuí), go gcaitear é a dhéanamh i gceart (féach ceist 4 nó ceist 12) agus go gcaitheann gach faisnéis agus cáipéisíocht a bheith istigh leis (féach ceist 5 nó ceist 13) nuair a dhéantar é a lóisteáil in athuair. Fiú sa chás gur cuireadh táille (mar ba cheart nó mícheart) isteach leis an achomharc nó tuairim neamhbhailí, ní foláir i gcónaí an táille iomlán a bheith ag gabháil leis an achomharc nua nó leis an tuairim nua.

Sa chás nach bhfuil an teorainn ama maidir le hachomharc nua nó tuairim nua a lóisteáil in athuair caite, ní thugann an Bord aon ráthaíocht go dtabharfar fógra d'achomharcóirí nó do "bhreathnadóirí" an tráth a mbeadh dóthain ama ar fáil chun achomharc nua nó tuairim nua a chur faoi bhráid taobh istigh den teorainn ama faoin reachtaíocht.

15. An féidir éisteacht ó bhéal a iarraidh?
Féadann gach páirtí le hachomharc (nach "breathnadóir") éisteacht ó bhéal a iarraidh ar an gcoinníoll go n-íoctar an táille ceart neamh-aisíoctha sa bhreis ar an táille achomhairc. Ní mór don achomharcóir an t-iarratas a dhéanamh taobh istigh den tréimhse le haghaidh achomharc a lóisteáil ach, sa chás go gcuirtear

cóip d'acmhomharc chuig páirtí seachas an t-achomharcóir féin, is féidir leis an bpáirtí sin éisteacht ó bhéal a iarraidh tráth nach deireanaí ná ceithre seachtaine ón dáta a seoltar an chóip.

Sa chás go n-iarrtar éisteacht ó bhéal, ní mór i gcónaí forais an achomhairc a lua ina n-iomláine agus cloí le gach coinníoll dlí nuair a bhíonn an t-achomharc á chur isteach.

Tá de lánrogha ag an mBord éisteacht ó bhéal a thionól cibé an iarrann nó nach n-iarrann aon pháirtí sin agus, go ginearálta, ní thionóltar ach amháin sa chás go gcuirfidh sin le tuiscint an Bhoird ar chás an-chasta nó sa chás go meastar go mbaineann ceisteanna leis an gcás ar ceisteanna iad a bhfuil tábhacht shuntasach leo go náisiúnta nó go háitiúil. Féadann an Bord freisin a ordú go dtionóltar éisteacht ó bhéal d'fhonn a dheimhniú an d'fhonn moill a chur ar an bhforbairt nó d'fhonn íocaíocht airgid, bronntanais, comaoin nó aslú eile a fháil agus d'fhonn sin amháin atá an t-achomharc á dhéanamh ag aon duine.

16. Cad é an chéad rud eile a tharlaíonn ina dhiaidh sin?
Cuireann an Bord cóip den achomharc chuig an údarás pleanála agus, i gcás achomharc tríú páirtí, chuig an lucht forbraíochta. Bíonn tréimhse ceithre seachtaine acusan chun a dtuairimí a chur faoi bhráid. Ní fhéadann an Bord aon tuairimí a bhíonn mall ag teacht a thabhairt san áireamh agus ní cheadaítear d'aon pháirtí cur arís leis an tuairim i scríbhinn ón uair a bhíonn sin curtha faoi bhráid an Bhoird.

17. Conas a chinntíonn an Bord cothrom na Féinne ag cách?
Sa chás go measann an Bord gur chóir sin ar mhaithe leis an gceartas, is féidir a iarraidh ar aon pháirtí, breathnadóir nó aon duine nó comhlacht eile aighneachtaí nó tuairimí a chur faoi bhráid ar aon ábhar a tháinig chun cinn mar gheall ar an achomharc. Ligeann sin don Bhord, mar shampla, tuairim a lorg faoi aon ábhar nua den tábhacht a thagann chun cinn le linn an achomhairc. Tá de chumhacht ag an mBord freisin a éileamh ar aon pháirtí nó breathnadóir aon cháipéis, faisnéis etc. a meastar gur den riachtanas é a chur faoi bhráid. Sonróidh an Bord teorainn ama (ar a laghad dhá sheachtain) maidir leis an ábhar a iarrtar a chur faoi bhráid agus cuirfear an teorainn ama sin i bhfeidhm go docht.

18. An féidir leis an mBord nithe nár tarraingíodh anuas san achomharc a thabhairt san áireamh?
Is féidir. Tá dlite ar an mBord, go ginearálta, an t-iarratas is ábhar don achomharc a mheas as an nua. Dá réir sin, breithníonn an Bord na ceisteanna pleanála iomchuí ar fad a bhaineann leis an iarratas agus cinneadh á dhéanamh faoin gcás má tharraing an t-údarás pleanála, na páirtithe nó na breathnadóirí anuas iad nó nár tharraing. Mar a luadh i ndáil le ceist 17 thuas, sa chás go dtagann saincheist nua chun cinn, tabharfar deis do na páirtithe agus do na breathnadóirí a dtuairim mar gheall orthu a thabhairt.

Sa chás gur leis na coinníollacha amháin atá ag gabháil le cinneadh de chuid údaráis pleanála cead pleanála a thabhairt a bhaineann an t-achomharc agus nach bhfuil aon achomharc eile i gceist, is iondúil go bhféadann an Bord socrú, dá chumhacht lánroghnach, gan an t-iarratas a mheas as an nua ach, ina áit sin, treoracha a eisiúint ag éileamh ar an údarás pleanála leasú a dhéanamh ar choinníollacha, coinníollacha a bhaint amach nó coinníollacha nua a chur ag gabháil leis an gcead. Sa chás go socraítear gan úsáid a bhaint as an gcumhacht lánroghnach, is féidir leis an mBord cead pleanála don fhorbraíocht a thabhairt nó a dhiúltú fiú sa chás gur maidir leis na coinníollacha amháin a rinneadh achomharc mar gheall air. Féach chomh maith an freagra ar cheist 10 maidir le coinníollacha faoin Scéim Ranníocaí Forbartha agus an Scéim Ranníocaí Forbartha Fhorlíontach agus le ranníocaíochtaí speisialta a dtarlódh forálacha eile i bhfeidhm ina leith.

19. An féidir leis an mBord dul in aghaidh fhorálacha an Phlean Forbartha áitiúil?
Is féidir. Féadann an Bord, cé go bhfuil de dhualgas air aird a tabhairt ar fhorálacha an phlean forbartha áitiúil, dul in aghaidh na bhfhorálacha i gcásanna áirithe. Sa chás go socraíonn an t-údarás pleanála cead pleanála a dhiúltú ar fhoras go sárófaí an Plean Forbartha go hábhartha leis an bhforbraíocht, féadann an Bord cead pleanála a thabhairt nuair a dhéantar achomharc ach amháin más rud é go meastar –

- go bhfuil tábhacht straitéiseach nó tábhacht náisiúnta leis an bhforbraíocht bheartaithe, nó
- go bhfuil cuspóirí de chuid an Phlean Forbartha nach dtagann le cuspóirí eile de chuid an Phlean Forbartha nó nach leagtar na cuspóirí amach go soiléir, chomh fada agus a bhainfeadh leis an bhforbraíocht atá beartaithe, nó

- gur chóir cead pleanála a thabhairt i bhfianaise na dtreoracha pleanála réigiúnacha don cheantar, treoirlínte ó Aire, treoracha polasaí ó Aire, an dualgas atá ar aon údarás áitiúil sa cheantar faoin reachtaíocht, nó aon pholasaí iomchuí de chuid an Rialtais nó de chuid Aire Rialtais, nó
gur chóir cead pleanála a thabhairt i bhfianaise phatrún na forbraíochta agus na ceadanna pleanála a tugadh i ndáil leis an gceantar ó cuireadh an Plean Forbartha le chéile.

Is féidir leis an mBord, ar ndóigh, cead pleanála a dhiúltú ar chúiseanna eile fiú nuair a bheadh an fhorbraíocht ag teacht le forálacha an Phlean Forbartha áitiúil.

20. Cad é an teorainn ama maidir le cinneadh ar chásanna achomhairc?
Bíonn de chuspóir ag an mBord déileáil le cás achomhairc taobh istigh de thréimhse 18 seachtaine. Ina ainneoin sin, sa chás go measann an Bord nach indéanta nó nár chuí teacht ar chinneadh taobh istigh de 18 seachtaine (e.g. mar gheall ar mhoill a eascraíonn as éisteacht ó bhéal a thionól), cuirfear na cúiseanna leis sin in iúl do na páirtithe agus ní foláir an tráth a bhfuil i gceist an cinneadh a dhéanamh a chur in iúl chomh maith.

21. An gcuirtear cinneadh an Bhoird in iúl?
Cuirtear. Is iondúil gurb é a bhíonn i gceist le cinneadh –
- cead pleanála/cead pleanála imlíne a thabhairt gan coinníoll a chur leis nó maille le coinníollacha, nó
- cead pleanála/cead pleanála imlíne a dhiúltú

agus cuirtear fógra faoi chuig gach gach páirtí agus breathnadóir a bhaineann leis an achomharc tríd an bpost. Foilsítear cóip de Thuarascáil an Chigire, de Threoir an Bhoird (e.g. cead pleanála a thabhairt nó a dhiúltú, na coinníollacha, más ann dóibh, ba chóir a chur leis an gcead, treoir eile etc.), agus ordú cinnidh an Bhoird ar láithreán gréasáin an Bhoird ag www.pleanala.ie. Luaitear na cúiseanna agus an bonn le cinneadh an Bhoird san ordú cinnidh agus sa chás nach nglacann an Bord le moladh an Chigire i ndáil le cead pleanála a thabhairt nó a dhiúltú, luaitear na príomhchúiseanna nár aontaíodh leis.

22. An bhfuil dul thar bhreith an Bhoird?
Níl. Ní féidir agóid a dhéanamh in aghaidh bhailíochta bhreith an Bhoird ach amháin trí athbhreithniú breithiúnach san Ard-Chúirt taobh istigh de thréimhse 8 seachtaine. Ní thabharfaidh an Chúirt tuillteanais an cháis maidir le cúrsaí pleanála i gceist arís agus ní féidir leis an gCúirt cead a thabhairt dul i mbun phróisis athbhreithnithe ach amháin sa chás go mbítear sásta go bfhuil forais shuntasacha lena mhaíomh go mbeadh cinneadh an Bhoird neamhbhailí nó gur cheart é a chur ar neamhní agus go bhfuil leas mór san ábhar ag an té atá ag lorg an athbhreithnithe breithiúnaigh.

23. An féidir leis an mBord achomharc a chaitheamh amach?
Is féidir. Tá de rogha ag an mBord achomharc a chaitheamh amach sa chás go bhfuiltear sásta gur achomharc cráiteach, achomharc suaibhreosach nó achomharc gan substaint ná bunús é nó sa chás gur d'fhonn moill a chur ar an bhforbairt nó d'fhonn íocaíocht airgid, bronntanais, comaoin nó aslú eile a fháil agus d'fhonn sin amháin atá an t-achomharc á dhéanamh ag aon duine. Is féidir leis an mBord chomh maith a fhógairt go bhfuil iarratas ar chead pleanála nó achomharc tarraingte siar sa chás go bhfuiltear sásta nach bhfuiltear ag leanacht dó.

24. An féidir achomharc a tharraingt siar?
Is féidir. Is féidir leis an achomharcóir achomharc a tharraingt siar agus is féidir leis an iarratasóir iarratas ar chead pleanála a tharraingt siar tráth ar bith sula dtugann an Bord cinneadh mar gheall ar chás.

Sa chás go dtarraingítear siar achomharc (nó na hachomhairc ar fad a chás gur mó ná ceann atá i gceist), beidh éifeacht le cinneadh an údaráis pleanála faoin gcead. I gcás go dtarraingíonn an t-iarratasóir siar an t-iarratas ar chead pleanála, ní féidir leis an údarás pleanála aon chead a thabhairt i ndáil leis an iarratas.

25. Cé chomh dian agus a bhítear maidir leis na teorainneacha ama?
Ionas gur féidir leis an mBord cinneadh mar gheall ar achomhairc taobh istigh de 18 seachtaine de ghnáth, bítear an-dian i ndáil leis na teorainneacha ama go léir agus níl de rogha ag an mBord síneadh ama a

thabhairt maidir leis na dátaí. Baineann sin le hachomharc a lóisteáil, le tuairim a chuirfeadh páirtí faoi bhráid, le haighneacht nó tráchtaireacht a chuirfeadh "breathnadóir" nó duine eile faoi bhráid an Bhoird rácht ó pháirtithe a chur isteach, aighneachtaí agus tuairimí a dhéanamh ag "breathnadóirí" agus daoine eile chuig an mBord agus, sa chás go n-iarrann an Bord sin, le haighneachtaí breise a chur faoi bhráid.

26. Cad a tharlaíonn sa chás go mbíonn oifigí an Bhoird dúnta an lá deiridh a mbeadh glacadh le hábhar?
Nuair tharlaíonn an dáta deiridh maidir le glacadh le hachomharc nó ábhar eile le linn deireadh seachtaine, nó ar lá saoire poiblí nó lá eile a dtarlaíonn oifigí an Bhoird dúnta, is é an chéad lá eile ina dhiaidh sin a mbíonn oifigí an Bhoird ar oscailt an dáta deiridh a nglactar leis an ábhar.

27. Cad a tharlaíonn sa chás go dtiteann an tréimhse idir dhá Nollaig le linn na tréimhse maidir le hachomharc a dhéanamh?
Cuirtear an tréimhse idir an 24 Nollaig agus an 1 Eanáir, agus an dá dháta sin san áireamh, (i.e. 9 lá) as an áireamh maidir le tréimhsí ama a ríomh i ndáil le hachomhairc pleanála. Dá bhrí sin, sa chás gur idir an 24 Nollaig agus an 1 Eanáir, an dá dháta sin san áireamh, a thiteann an tréimhse chun achomharc a dhéanamh, cuirtear síneadh leis an tréimhse go dtí an lá deiridh chun achomharc a dhéanamh. Dá réir sin, mar shampla, sa chás gurb é an 24 Nollaig an lá deiridh den tréimhse ceithre seachtaine, is é an 2 Eanáir an lá deiridh chun achomharc a dhéanamh, agus sa chás gurb é an 29 Nollaig an lá deiridh den tréimhse ceithre seachtaine, is é an 7 Eanáir an lá deiridh chun achomharc a dhéanamh.

Baineann an tréimhse idir dhá Nollaig a chur as an áireamh le haon ábhar eile a bhaineann le hachomharc a luaitear tréimhse shonrach ama ina leith chomh maith. Dá réir sin, sa chás gur le linn na tréimhse idir dhá Nollaig a thiteann lá chinn na tréimhse 18 seachtaine déag atá leagtha síos mar sprioc faoin reachtaíocht maidir le cinneadh an Bhoird ar chás achomhairc, cuirtear síneadh ama leis an tréimhse de réir an líon cuí laethanta.

28. An féidir cáipéisí an Bhoird a iniúchadh agus a cheannach?
Is féidir le duine den phobal comhaid faoi chásanna achomhairc a iniúchadh tar éis don Bhord cinneadh mar gheall ar an achomharc. Is féidir na comhaid sin a iniúchadh saor ó tháille in oifigí an Bhoird idir 10 r.n. – 12.30 i.n. agus 2.30 i.n. – 4.30 i.n. ó Luan go hAoine, ach amháin lá saoire poiblí agus laethanta eile a mbeadh na hoifigí dúnta. Is féidir cóip d'aon cháipéis ar na comhaid sin a cheannach in oifigí an Bhoird le linn na n-uaireanta sin ar chostas réasúnach cóipeála na gcáipéisí. Tá sonraí breise maidir le hiniúchadh agus ceannach na gcáipéisí etc., ar fáil ón mBord agus ar an láithreán gréasáin, **www.pleanala.ie**

29. An féidir iarratas a dhéanamh leis an mBord ar chead acmhomhairc mar gheall ar chinneadh de chuid an údaráis pleanála? (Féach freisin na freagraí ar cheist 2 agus ar cheist 3 thuas.)

Is féidir leis an té a bhfuil leas aige sa talamh a shíneann leis an suíomh lena mbaineann iarratas ar chead pleanála (e.g. úinéir na talún/sealbhóir) agus nár chuir aighneacht ná tuairim faoi bhráid an údaráis pleanála i ndáil leis an iarratas pleanála iarratas a dhéanamh leis an mBord ar chead achomhairc in aghaidh chinneadh an údaráis pleanála tráth nach deireanaí ná ceithre seachtaine ó chinneadh an údaráis pleanála an cead a thabhairt. Féadann an Bord cead achomhairc a thabhairt sa chás go léiríonn an duine sin nach ionann ó thaobh an ábhair, mar gheall ar na coinníollacha a cuireadh leis, an cead pleanála a chinn an t-údarás pleanála a thabhairt agus an cead pleanála a ndearnadh iarratas air agus go n-imreoidh na coinníollacha a cuireadh i bhfeidhm athrú ar bhealach tábhachtach ar an taitneamh atá as an talamh nó go laghdófar luach na talún dá bharr.

Mar a chéile le cás achomhairc pleanála, ní mór don té atá ag iarraidh cead achomhairc an t-ainm agus an seoladh, na forais is bun leis an gcead achomhairc a iarraidh (féach thuas), tuairisc ar an leas atá aige sa talamh a lua agus an táille ceart a chur isteach.

Sa chás go dtugtar cead achomhairc do dhuine, ní mór an t-achomharc pleanála a theacht chuig an mBord tráth nach deireanaí ná dhá sheachtain ón am a bhfaigheann sé an fógra faoi chead achomhairc agus ní mór gach coinníoll maidir le hachomharc pleanála a lóisteáil (féach ceist 4 agus ceist 5) a shásamh, coinníoll maidir le táille eile san áireamh. Tá sonraí faoi na táillí ar fáil ón mBord nó ón údarás pleanála áitiúil.

30. An féidir cás ina ndiúltaíonn an t-údarás pleanála déileáil leis an dara iarratas ar chead pleanála a chur faoi bhráid an Bhoird?
Sa chás go mbíonn achomharc ar bun maidir le cinneadh de chuid údaráis pleanála i ndáil le hiarratas ar chead pleanála, ní féidir an dara iarratas maidir leis an bhforbraíocht chéanna ná le forbraíocht den chineál céanna a chur isteach chuig an údarás pleanála. Sa chás go dtagann aighneas chun cinn maidir le hiarratas a bheith ag baint leis an bhforbraíocht chéanna nó le forbraíocht den chineál céanna, is féidir an cheist sin a chur faoi bhráid an Bhoird d'fhonn a chinnte.

31. An dócha go dtiocfaidh athrú ar na táillí achomhairc?
Faoi Acht Pleanála na bliana 2000, tá ceangailte ar an mBord aithbhreithniú a dhéanamh gach tréimhse 3 bliana ar a laghad ar leibhéal na dtáillí atá le híoc leis maidir le hachomharc a dhéanamh, cás a chur ar aghaidh chuige, iarratas ar chead achomhairc, aighneacht nó tuairim a chur faoi bhráid nó iarratas a dhéanamh ar éisteacht ó bhéal. Is ceart i gcónaí an cás is deireanaí a sheiceáil d'fhonn cinntiú go mbítear ar an eolas faoin táille cuí san am i láthair.

An Bord Pleanála
64 Sráid Mhaoilbhríde
Baile Átha Cliath 1

Teil: (01) 858 8100
LoCall: 1890 275 175
Faics: (01) 872 2684
Láithreán gréasáin: http//www.pleanala.ie
Ríomhphost: bord@pleanala.ie

Leasaíodh an 5 Bealtaine 2005

Tá próiseas cuimsitheach achomhairc mar chuid den chóras pleanála. Faoin bpróiseas sin, tagann gach cinneadh pleanála a dhéanann údarás áitiúil faoi réir ag athbhreithniú neamhspleách ag an mBord Pleanála (an Bord). Tugtar mionsonraí sa bhileog seo faoi phríomhghnéithe an phróisis achomhairc agus tá sé leagtha amach mar threoir phraiticiúil maidir leis na nósanna oibre faoin Acht Pleanála agus Forbartha 2000. Ní léirmhíniú sainiúil dlíodóireachta atá ann ar dlí na pleanála. Moltar an bhileog *'Treoir maidir le táillí a bhíonn le híoc leis an mBord'* a léamh chomh maith. Tá sin agus eolas breise ar fáil ón mBord nó ón údarás pleanála áitiúil.

1. An bhfuil foirm iarratais ann maidir le hachomharc a dhéanamh?
Níl aon fhoirm iarratais reachtúil ann maidir le hachomharc a dhénamh. Ina ainneoin sin, tá '*Foirm/Seicliosta Achomhairc Pleanála'* curtha ar fáil ag an mBord ar féidir a úsáid a bhaint as mar bharrleathanach i gcás achomharc. Cuirtear treoir ar fáil leis an gcáipéis sin atá éasca a leanacht agus, sa chás go leantar an treoir ar gach bealach, ba chóir go mba chabhair é le cinntiú go mbíonn an t-achomharc inghlactha. Meabhraítear gur ar an té a dhéanann an t-achomharc atá an dualgas sin a dhéanamh ar bhealach atá inghlactha. Tá an doiciméad ar fáil ón mBord, is féidir é a fháil ón suíomh idirlín www.pleanala.ie agus ba chóir go mbeadh sé ar fáil ón údarás pleanála áitiúil.

2. Cé a fhéadann achomharc a dhéanamh?

- Iarratasóir ar chead pleanála (an chéad pháirtí), agus
- aon duine, comhlacht nó grúpa leasmhar eile etc. a chuir aighneachtaí nó tuairim i scríbhinn chuig an údarás pleanála i ndáil leis an iarratas pleanála de réir na rialacháin faoi cheadanna (tríú páirtí). Tá dhá chás eisceachta maidir leis an gcoinníoll go mbeadh aighneacht nó tuairim curtha faoi bhráid roimh ré: -

(3) sa chás go bhfuil comhlacht forordaithe a bhí i dteideal fógra a fháil ón údarás pleanála faoi iarratas pleanála agus nár tugadh fógra de réir an dlí, féadfaidh an comhlacht achomharc a chur isteach in aghaidh chinneadh an údaráis pleanála gan aon aighneacht ná tuairim mar gheall ar an iarratas pleanála a lua.

(4) féadann duine a bhfuil leas aige i dtalamh atá ag síneadh le suíomh an iarratais (e.g. úinéir nó sealbhóir) iarratas a dhéanamh leis an mBord maidir le cead achomhairc in aghaidh chinneadh an údaráis pleanála (féach ceist 29).

3. An mbaineann teorainn ama le hachomharc?
Ach amháin sa chás go dtugann an Bord cead do dhuine achomharc a dhéanamh (féach ceist 2(2) agus ceist 29), ní mór an t-achomharc a theacht chuig an mBord taobh istigh de ceithre seachtaine ón dáta a ndéanann an t-údarás pleanála an cinneadh (N.B. ní hé an dáta a seoltar amach an cinneadh ná an dáta a bhfaightear é). Comhairtear an lá an chinnidh féin ar an gcéad lá. Mar shampla, sa chás go ndéantar cinneadh an údaráis pleanála Dé Céadaoin, an dara lá den mhí, is é Dé Máirt, an naoú lá is fiche den mhí chéanna, an lá deiridh chun achomharc a fháil.

Sa chás go dtugtar cead achomhairc do dhuine, ní mór an t-achomharc a theacht chuig an mBord taobh istigh de dhá sheachtain ó fhaigheann sé nó sí fógra faoin gcead sin.

Is teorainneacha dochta ama iad seo a luaitear sa reachtaíocht. Ní fhéadann an Bord glacadh le hachomhairc dhéanacha dá thogra féin, cibé má sheoltar ar an bpost iad ná ar aon slí eile. Ar an achomharcóir féin atá gach freagracht maidir lena chinntiú go dtagann an t-achomharc nó aon ábhar eile in am nó go seoltar in am tráth é ionas go dtagann sé taobh istigh den tréimhse chuí. Níl achomharc ná aon ábhar eile a chuirtear sa phost taobh istigh den tréimhse cheadaithe ach a thagann tráth is deireanaí ná sin

inghlactha. Tugtar míniú breise faoi chúrsaí na dteorainneacha ama sna freagraí ar cheisteanna 25, 26 agus 27.

4. Conas a dhéantar achomharc?
Ní mór gach achomharc a dhéanamh i scríbhinn agus:

- a sheoladh tríd an b**post** chuig: An Rúnaí,
  An Bord Pleanála,
  64 Sráid Mhaoilbhríde,
  Baile Átha Cliath 1,

- **nó**, a thabhairt de **láimh** d'fhostaí de chuid an Bhoird ag oifigí an Bhoird le linn uaireanta oifige (9.15 r.n. go dtí 5.30 i.n. ó Luan go hAoine ach amháin lá saoire poiblí agus lá eile a mbeadh na hoifigí dúnta). Ní bhíonn achomhairc a chuirtear i mbosca litreach an Bhoird inghlactha.
  Ní foláir an t-achomharc a bheith slán iomlán ón tús – níl cead soiléiriú ná breis míniúcháin a thabhairt ar aon chuid de ná aon chuid de a chur faoi bhráid tráth is faide anonn, fiú taobh istigh den teorainn ama. (Féach freisin ceist 14 thíos.)

5. Cad is gá a chur isteach leis an achomharc?

- Ainm agus seoladh an achomharcóra – nach mór a bheith **luaite go soiléir**. Sa chás gur gníomhaire a dhéanann achomharc thar ceann an achomharcóra, ní mór ainm agus seoladh an ghníomhaire **agus** ainm agus seoladh an achomharcóra a **lua go soiléir**.

- Ábhar an achomhairc – ní mór dóthain sonraí a thabhairt a chuirfidh ar chumas an Bhoird an cinneadh is ábhar don achomhairc a shonrú go héasca (e.g. cóip de chinneadh an údaráis pleanála, nó sonraí faoi chineál na forbraíochta beartaithe agus faoin suíomh, nó ainm an údaráis pleanála agus an uimhir thagartha a luaitear ar an gclár pleanála leis an gcinneadh a bhfuiltear ag déanamh achomhairc mar gheall air).

- Forais an achomhairc agus ábhar agus argóintí atá mar bhonn leis. Ní fhéadann an Bord breithniú a dhéanamh ar aon fhorais achomhairc ná ar aon fhaisnéis a chuirtear isteach tar éis an achomhairc (ach amhain faisnéis a iarrann an Bord féin go sonrach) agus ní féidir leis an mBord ceisteanna nach mbaineann le cúrsaí pleanála a thabhairt san áireamh; níor chóir, dá bhrí sin, ceisteanna den sórt sin a lua mar fhoras achomhairc. (Féach freisin ceist 23 thíos).

- An táille cuí. Tá sonraí faoi tháillí ar fáil ón mBord nó ón údarás pleanála áitiúil.

- I gcás achomharc tríú páirtí, admháil ón údarás pleanála go bhfuarthas aighneacht nó tuairim a chuir an t-achomharcóir faoi bhráid an údaráis pleanála tráth an iarratais d'fhonn a léiriú go ndearnadh aighneacht nó tuairim a chur faoi bhráid an tráth sin. Ní ghlactar le cóip d'fhógra faoin gcinneadh ná le haon ní dá shórt sin mar admháil go bhfuarthas aighneacht nó tuairim a cuireadh faoi bhráid.)

6. Cad a tharlaíonn sa chás nach mbíonn achomharc iomlán?

Sa chás nach gcomhlíontar gach a n-éilítear faoin dlí an tráth a ndéantar an t-achomharc (féach na hailt roimhe seo maidir le treoir), tá sé neamhbhailí agus ní féidir leis an mBord é a bhreithniú. (Féach freisin ceist 14 thios).

7. An mbaineann táillí éagsúla le cásanna faoi leith?

Baineann. Sa chás, mar shampla, go mbaineann cás achomhairc le forbraíocht thráchtála (forbairt ar dhá theach nó níos) agus/nó forbairt neamhúdaraithe (lena n-áirítear formhór na n-oibreacha forbartha agus na n-athruithe úsáide a dhéantar gan cead a thabhairt roimh ré chuige) agus gurb é an chéad pháirtí a dhéanann an t-achomharc, bíonn táillí is airde ná na gnáth-tháillí i gceist. Bíonn táillí faoi leith i gceist chomh maith i

gcás catagóirí eile, mar shampla "breathnadóirí" (féach ceist 11), comhlachtaí poiblí áirithe agus i gcás éisteachtaí ó bhéal. Tá mioneolas ar fáil ach ordú deimhniúcháin an Bhoird maidir le táillí a cheadú.

8. An féidir comhad an údaráis pleanála a bhreathnú sula ndéantar achomharc?

Is féidir. Cuirfidh an t-údarás pleanála an t-iarratas ar chead pleanála agus aon aighneacht nó tuairim a cuireadh faoi bhráid i ndáil leis an iarratas ar fáil d'fhonn a n-iniúchadh ag daoine den phobal ag oifigí an údaráis pleanála a luaithe is féidir tar éis iad a fháil.

Taobh istigh de 3 lá oibre ó déantar cinneadh, cuirfidh an t-údarás pleanála na nithe seo a leanas ar fáil ag an oifig freisin d'fhonn a n-iniúchadh ag daoine den phobal -

- an t-iarratas iomlán agus aon fhaisnéis bhreise a chuir an t-iarratasóir ar fáil,
- tuairiscí an údaráis féin ar an iarratas,
- an cinneadh agus an fógra a tugadh faoin gcinneadh sin don iarratasóir agus d'aon duine nó comhlacht a chuir aighneacht nó tuairim faoi bhráid i ndáil leis an iarratas.

.

9. An féidir cóipeanna a fháil de na cáipéisí a bhaineann le hiarratas pleanála?

Is féidir. Is féidir cóipeanna de na cáipéisí a dtagraítear dóibh faoi 8 thuas a cheannach ón údarás pleanála ar chostas réasúnach.

10. An bhfuil cinntí áirithe nó coinníollacha áirithe de chuid an údaráis phleanála i leith cead pleanála nach féidir achomharc a dhéanamh mar gheall orthu?

(a) Ní féidir achomharc a dhéanamh leis an mBord sa chás go n-údaraíonn na Cúirteanna d'údarás pleanála cead a dhiúltú ar an mbonn gur theip ar an lucht forbraíochta nó ar dhuine gaolmhar cloí le cead a tugadh cheana.

(b) Sa chás gur cinneadh cead a thabhairt de dhroim cead imlíne a tugadh cheana, ní féidir achomharc a dhéanamh leis an mBord in aghaidh an chinnidh sin i ndáil le haon ghné den chinneadh ar le linn an cead imlíne a thabhairt a cinneadh mar gheall air.

(c) Ní féidir, tríd is tríd, achomharc a dhéanamh leis an mBord i ndáil le coinníollacha in aghaidh ranníocaíochtaí airgid arna gcur i bhfeidhm faoi Scéimeanna Ranníocaí Forbartha ná Scéimeanna Ranníocaí Forbartha Forlíontacha.

Ina dhiaidh sin féin, is féidir achomharc a dhéanamh in aghaidh coinníollacha ranníocaí speisialta arna gcur i bhfeidhm ag údarás pleanála agus ceadaítear achomharc chomh maith sa chás go measann forbróir nach go cuí a cuireadh téarmaí Scéim Ranníocaí Forbartha nó Scéim Ranníocaí Forbartha Fhorlíontach i bhfeidhm. I gcásanna den sórt sin, nuair nach bhfuil aon deis eile achomhairc in aghaidh chinneadh an údaráis pleanála, is féidir leis an údarás pleanála an cead a thabhairt d'ainneoin an t-achomharc leis an mBord ar an gcoinníoll go dtugann an té atá ag déanamh an achomhairc urrús go n-íocfar suim iomlán an ranníoca nó an ranníoca speisialta, de réir mar is cuí.

11. An féidir tuairim a chur faoi bhráid an Bhoird gan achomharc a dhéanamh?

Sa chás go bhfuil achomharc déanta cheana féin, is féidir le duine eile a bheith ina "bhreathnadóir" agus aighneachtaí nó tuairimí a chur faoi bhráid maidir leis an achomharc. Is féidir cóip den achomharc a bhreathnú in oifig an údaráis pleanála. Ceithre seachtaine ón tráth a bhfaigheann an Bord an t-achomharc (nó an t-achomharc deiridh sa chás go ndéantar níos mó ná achomharc amháin) an teorainn ama le haighneacht nó tuairimí nó, sa chás go gcuirtear isteach Ráiteas Tionchair Timpeallachta, ceithre seachtaine ón dáta a bhfoilsíonn an Bord fógra go bhfuarthas sin nó, sa chás go n-iarrann an Bord ar an iarratasóir fógra breise a fhoilsiú ar an suíomh nó sna nuachtáin, ceithre seachtaine ón dáta a bhfoilsítear an fógra sin.

Dá bhrí sin, má fhaightear achomharc Dé Céadaoin, an dara lá den mhí, is é Dé Máirt an naoú lá is fiche den mhí chéanna an dáta deiridh chun aighneacht nó tuairim mar gheall ar an achomharc a fháil ó "bhreathnadóir". Féach freisin ceisteanna 25, 26 agus 27 thíos maidir le teorainneacha ama. Sa chás go dtarraingíonn an té a rinne an t-achomharc siar é (nó go dtarraingítear siar na hachomhairc ar fad sa chás gur mó ná ceann amháin atá i gceist), seasfaidh cinneadh an údaráis pleanála agus ní bheidh feidhm feasta le haighneachtaí a cuireadh faoi bhráid.

12. Conas a chuirim mo chuid tuairimí in iúl don Bhord?
Ba cheart do "bhreathnadóir" aighneacht nó tuairim i scríbhinn a chur faoi bhráid trína: -

- seoladh tríd an b**post** chuig: An Rúnaí,
  An Bord Pleanála,
  64 Sráid Mhaoilbhríde,
  Baile Átha Cliath 1.

- **nó**, trína thabhairt isteach chuig oifigí an Bhoird. (Uaireanta oifige ó 9.15 r.n. go dtí 5.30 i.n. ó Luan go hAoine ach amháin lá saoire poiblí nó lá eile a mbeadh na hoifigí dúnta).

13. **Cad is gá a chur isteach le haighneacht nó le tuairim?**

- Ainm agus seoladh an bhreathnadóra – nach mór a bheith **luaite go soiléir**. Sa chás gur gníomhaire a chuireann aighneacht nó tuairim faoi bhráid thar ceann an bhreathnadóra, ní mór ainm agus seoladh an ghníomhaire **agus** ainm agus seoladh an bhreathnadóra a **lua go soiléir**.
- Ábhar na haighneachta nó na tuairime – ní mór dóthain sonraí a thabhairt a chuirfidh ar chumas an Bhoird an t-iarratas/achomharc is ábhar don aighneacht a shonrú go héasca e.g. cóip de chinneadh an údaráis pleanála, nó an uimhir thagartha a luaitear leis an achomharc.
- Forais na haighneachta agus na tuairime maille le hábhar agus argóintí atá mar bhonn leo. Ní fhéadann an Bord breithniú a dhéanamh ar aon aighneachtaí ná ar aon tuairimí ná ar aon eolas eile a chuirtear isteach tar éis an chéad aighneacht nó an chéad tuairim a chur faoi bhráid (ach amhain faisnéis a iarrann an Bord féin go sonrach) agus ní féidir leis an mBord ceisteanna nach mbaineann le cúrsaí pleanála a thabhairt san áireamh.
- An táille cuí (ach amháin i gcás comhlachtaí áirithe mar atá sonraithe ag an mBord). Tá sonraí faoi tháillí ar fáil ón mBord nó ón údarás pleanála áitiúil.

14. Sa chás nach mbíonn achomharc nó tuairim bailí, an féidir an t-achomharc nó an tuairim a lóisteáil arís?
Sa chás go gcomhlíontar go hiomlán GACH CEANN de na coinníollacha an tráth a ndéantar achomharc nó tuairim lóisteáil in athuair, glacfar leis. Is iad na coinníollacha atá i gceist go gcaitheann an t-achomharc nó an tuairim a theacht isteach in am (féach ceist 3 nó ceist 11, de réir mar is cuí), go gcaitear é a dhéanamh i gceart (féach ceist 4 nó ceist 12) agus go gcaitheann gach faisnéis agus cáipéisíocht a bheith istigh leis (féach ceist 5 nó ceist 13) nuair a dhéantar é a lóisteáil in athuair. Fiú sa chás gur cuireadh táille (mar ba cheart nó mícheart) isteach leis an achomharc nó tuairim neamhbhailí, ní foláir i gcónaí an táille iomlán a bheith ag gabháil leis an achomharc nua nó leis an tuairim nua.

Sa chás nach bhfuil an teorainn ama maidir le hachomharc nua nó tuairim nua a lóisteáil in athuair caite, ní thugann an Bord aon ráthaíocht go dtabharfar fógra d'achomharcóirí nó do "bhreathnadóirí" an tráth a mbeadh dóthain ama ar fáil chun achomharc nua nó tuairim nua a chur faoi bhráid taobh istigh den teorainn ama faoin reachtaíocht.

15. An féidir éisteacht ó bhéal a iarraidh?
Féadann gach páirtí le hachomharc (nach "breathnadóir") éisteacht ó bhéal a iarraidh ar an gcoinníoll go n-íoctar an táille ceart neamh-aisíoctha sa bhreis ar an táille achomhairc. Ní mór don achomharcóir an t-iarratas a dhéanamh taobh istigh den tréimhse le haghaidh achomharc a lóisteáil ach, sa chás go gcuirtear

cóip d'acmhomharc chuig páirtí seachas an t-achomharcóir féin, is féidir leis an bpáirtí sin éisteacht ó bhéal a iarraidh tráth nach deireanaí ná ceithre seachtaine ón dáta a seoltar an chóip.

Sa chás go n-iarrtar éisteacht ó bhéal, ní mór i gcónaí forais an achomhairc a lua ina n-iomláine agus cloí le gach coinníoll dlí nuair a bhíonn an t-achomharc á chur isteach.

Tá de lánrogha ag an mBord éisteacht ó bhéal a thionól cibé an iarrann nó nach n-iarrann aon pháirtí sin agus, go ginearálta, ní thionóltar ach amháin sa chás go gcuirfidh sin le tuiscint an Bhoird ar chás an-chasta nó sa chás go meastar go mbaineann ceisteanna leis an gcás ar ceisteanna iad a bhfuil tábhacht shuntasach leo go náisiúnta nó go háitiúil. Féadann an Bord freisin a ordú go dtionóltar éisteacht ó bhéal d'fhonn a dheimhniú an d'fhonn moill a chur ar an bhforbairt nó d'fhonn íocaíocht airgid, bronntanais, comaoin nó aslú eile a fháil agus d'fhonn sin amháin atá an t-achomharc á dhéanamh ag aon duine.

16. Cad é an chéad rud eile a tharlaíonn ina dhiaidh sin?
Cuireann an Bord cóip den achomharc chuig an údarás pleanála agus, i gcás achomharc tríú páirtí, chuig an lucht forbraíochta. Bíonn tréimhse ceithre seachtaine acusan chun a dtuairimí a chur faoi bhráid. Ní fhéadann an Bord aon tuairimí a bhíonn mall ag teacht a thabhairt san áireamh agus ní cheadaítear d'aon pháirtí cur arís leis an tuairim i scríbhinn ón uair a bhíonn sin curtha faoi bhráid an Bhoird.

17. Conas a chinntíonn an Bord cothrom na Féinne ag cách?
Sa chás go measann an Bord gur chóir sin ar mhaithe leis an gceartas, is féidir a iarraidh ar aon pháirtí, breathnadóir nó aon duine nó comhlacht eile aighneachtaí nó tuairimí a chur faoi bhráid ar aon ábhar a tháinig chun cinn mar gheall ar an achomharc. Ligeann sin don Bhord, mar shampla, tuairim a lorg faoi aon ábhar nua den tábhacht a thagann chun cinn le linn an achomhairc. Tá de chumhacht ag an mBord freisin a éileamh ar aon pháirtí nó breathnadóir aon cháipéis, faisnéis etc. a meastar gur den riachtanas é a chur faoi bhráid. Sonróidh an Bord teorainn ama (ar a laghad dhá sheachtain) maidir leis an ábhar a iarrtar a chur faoi bhráid agus cuirfear an teorainn ama sin i bhfeidhm go docht.

18. An féidir leis an mBord nithe nár tarraingíodh anuas san achomharc a thabhairt san áireamh?
Is féidir. Tá dlite ar an mBord, go ginearálta, an t-iarratas is ábhar don achomharc a mheas as an nua. Dá réir sin, breithníonn an Bord na ceisteanna pleanála iomchuí ar fad a bhaineann leis an iarratas agus cinneadh á dhéanamh faoin gcás má tharraing an t-údarás pleanála, na páirtithe nó na breathnadóirí anuas iad nó nár tharraing. Mar a luadh i ndáil le ceist 17 thuas, sa chás go dtagann saincheist nua chun cinn, tabharfar deis do na páirtithe agus do na breathnadóirí a dtuairim mar gheall orthu a thabhairt.

Sa chás gur leis na coinníollacha amháin atá ag gabháil le cinneadh de chuid údaráis pleanála cead pleanála a thabhairt a bhaineann an t-achomharc agus nach bhfuil aon achomharc eile i gceist, is iondúil go bhféadann an Bord socrú, dá chumhacht lánroghnach, gan an t-iarratas a mheas as an nua ach, ina áit sin, treoracha a eisiúint ag éileamh ar an údarás pleanála leasú a dhéanamh ar choinníollacha, coinníollacha a bhaint amach nó coinníollacha nua a chur ag gabháil leis an gcead. Sa chás go socraítear gan úsáid a bhaint as an gcumhacht lánroghnach, is féidir leis an mBord cead pleanála don fhorbraíocht a thabhairt nó a dhiúltú fiú sa chás gur maidir leis na coinníollacha amháin a rinneadh achomharc mar gheall air. Féach chomh maith an freagra ar cheist 10 maidir le coinníollacha faoin Scéim Ranníocaí Forbartha agus an Scéim Ranníocaí Forbartha Fhorlíontach agus le ranníocaíochtaí speisialta a dtarlódh forálacha eile i bhfeidhm ina leith.

19. An féidir leis an mBord dul in aghaidh fhorálacha an Phlean Forbartha áitiúil?
Is féidir. Féadann an Bord, cé go bhfuil de dhualgas air aird a tabhairt ar fhorálacha an phlean forbartha áitiúil, dul in aghaidh na bhfhorálacha i gcásanna áirithe. Sa chás go socraíonn an t-údarás pleanála cead pleanála a dhiúltú ar fhoras go sárófaí an Plean Forbartha go hábhartha leis an bhforbraíocht, féadann an Bord cead pleanála a thabhairt nuair a dhéantar achomharc ach amháin más rud é go meastar –

- go bhfuil tábhacht straitéiseach nó tábhacht náisiúnta leis an bhforbraíocht bheartaithe, nó
- go bhfuil cuspóirí de chuid an Phlean Forbartha nach dtagann le cuspóirí eile de chuid an Phlean Forbartha nó nach leagtar na cuspóirí amach go soiléir, chomh fada agus a bhainfeadh leis an bhforbraíocht atá beartaithe, nó

- gur chóir cead pleanála a thabhairt i bhfianaise na dtreoracha pleanála réigiúnacha don cheantar, treoirlínte ó Aire, treoracha polasaí ó Aire, an dualgas atá ar aon údarás áitiúil sa cheantar faoin reachtaíocht, nó aon pholasaí iomchuí de chuid an Rialtais nó de chuid Aire Rialtais, nó
- gur chóir cead pleanála a thabhairt i bhfianaise phatrún na forbraíochta agus na ceadanna pleanála a tugadh i ndáil leis an gceantar ó cuireadh an Plean Forbartha le chéile.

Is féidir leis an mBord, ar ndóigh, cead pleanála a dhiúltú ar chúiseanna eile fiú nuair a bheadh an fhorbraíocht ag teacht le forálacha an Phlean Forbartha áitiúil.

20. Cad é an teorainn ama maidir le cinneadh ar chásanna achomhairc?
Bíonn de chuspóir ag an mBord déileáil le cás achomhairc taobh istigh de thréimhse 18 seachtaine. Ina ainneoin sin, sa chás go measann an Bord nach indéanta nó nár chuí teacht ar chinneadh taobh istigh de 18 seachtaine (e.g. mar gheall ar mhoill a eascraíonn as éisteacht ó bhéal a thionól), cuirfear na cúiseanna leis sin in iúl do na páirtithe agus ní foláir an tráth a bhfuil i gceist an cinneadh a dhéanamh a chur in iúl chomh maith.

21. An gcuirtear cinneadh an Bhoird in iúl?
Cuirtear. Is iondúil gurb é a bhíonn i gceist le cinneadh –
- cead pleanála/cead pleanála imlíne a thabhairt gan coinníoll a chur leis nó maille le coinníollacha, nó
- cead pleanála/cead pleanála imlíne a dhiúltú

agus cuirtear fógra faoi chuig gach gach páirtí agus breathnadóir a bhaineann leis an achomharc tríd an bpost. Foilsítear cóip de Thuarascáil an Chigire, de Threoir an Bhoird (e.g. cead pleanála a thabhairt nó a dhiúltú, na coinníollacha, más ann dóibh, ba chóir a chur leis an gcead, treoir eile etc.), agus ordú cinnidh an Bhoird ar láithreán gréasáin an Bhoird ag www.pleanala.ie. Luaitear na cúiseanna agus an bonn le cinneadh an Bhoird san ordú cinnidh agus sa chás nach nglacann an Bord le moladh an Chigire i ndáil le cead pleanála a thabhairt nó a dhiúltú, luaitear na príomhchúiseanna nár aontaíodh leis.

22. An bhfuil dul thar bhreith an Bhoird?
Níl. Ní féidir agóid a dhéanamh in aghaidh bhailíochta bhreith an Bhoird ach amháin trí athbhreithniú breithiúnach san Ard-Chúirt taobh istigh de thréimhse 8 seachtaine. Ní thabharfaidh an Chúirt tuillteanais an cháis maidir le cúrsaí pleanála i gceist arís agus ní féidir leis an gCúirt cead a thabhairt dul i mbun phróisis athbhreithnithe ach amháin sa chás go mbítear sásta go bfhuil forais shuntasacha lena mhaíomh go mbeadh cinneadh an Bhoird neamhbhailí nó gur cheart é a chur ar neamhní agus go bhfuil leas mór san ábhar ag an té atá ag lorg an athbhreithnithe breithiúnaigh.

23. An féidir leis an mBord achomharc a chaitheamh amach?
Is féidir. Tá de rogha ag an mBord achomharc a chaitheamh amach sa chás go bhfuiltear sásta gur achomharc cráiteach, achomharc suaibhreosach nó achomharc gan substaint ná bunús é nó sa chás gur d'fhonn moill a chur ar an bhforbairt nó d'fhonn íocaíocht airgid, bronntanais, comaoin nó aslú eile a fháil agus d'fhonn sin amháin atá an t-achomharc á dhéanamh ag aon duine. Is féidir leis an mBord chomh maith a fhógairt go bhfuil iarratas ar chead pleanála nó achomharc tarraingte siar sa chás go bhfuiltear sásta nach bhfuiltear ag leanacht dó.

24. An féidir achomharc a tharraingt siar?
Is féidir. Is féidir leis an achomharcóir achomharc a tharraingt siar agus is féidir leis an iarratasóir iarratas ar chead pleanála a tharraingt siar tráth ar bith sula dtugann an Bord cinneadh mar gheall ar chás. Sa chás go dtarraingítear siar achomharc (nó na hachomhairc ar fad a chás gur mó ná ceann atá i gceist), beidh éifeacht le cinneadh an údaráis pleanála faoin gcead. I gcás go dtarraingíonn an t-iarratasóir siar an t-iarratas ar chead pleanála, ní féidir leis an údarás pleanála aon chead a thabhairt i ndáil leis an iarratas.

25. Cé chomh dian agus a bhítear maidir leis na teorainneacha ama?
Ionas gur féidir leis an mBord cinneadh mar gheall ar achomhairc taobh istigh de 18 seachtaine de ghnáth, bítear an-dian i ndáil leis na teorainneacha ama go léir agus níl de rogha ag an mBord síneadh ama a thabhairt maidir leis na dátaí. Baineann sin le hachomharc a lóisteáil, le tuairim a chuirfeadh páirtí faoi

bhráid, le haighneacht nó tráchtaireacht a chuirfeadh "breathnadóir" nó duine eile faoi bhráid an Bhoird rácht ó pháirtithe a chur isteach, aighneachtaí agus tuairimí a dhéanamh ag "breathnadóirí" agus daoine eile chuig an mBord agus, sa chás go n-iarrann an Bord sin, le haighneachtaí breise a chur faoi bhráid.

26. Cad a tharlaíonn sa chás go mbíonn oifigí an Bhoird dúnta an lá deiridh a mbeadh glacadh le hábhar?
Nuair tharlaíonn an dáta deiridh maidir le glacadh le hachomharc nó ábhar eile le linn deireadh seachtaine, nó ar lá saoire poiblí nó lá eile a dtarlaíonn oifigí an Bhoird dúnta, is é an chéad lá eile ina dhiaidh sin a mbíonn oifigí an Bhoird ar oscailt an dáta deiridh a nglactar leis an ábhar.

27. Cad a tharlaíonn sa chás go dtiteann an tréimhse idir dhá Nollaig le linn na tréimhse maidir le hachomharc a dhéanamh?
Cuirtear an tréimhse idir an 24 Nollaig agus an 1 Eanáir, agus an dá dháta sin san áireamh, (i.e. 9 lá) as an áireamh maidir le tréimhsí ama a ríomh i ndáil le hachomhairc pleanála. Dá bhrí sin, sa chás gur idir an 24 Nollaig agus an 1 Eanáir, an dá dháta sin san áireamh, a thiteann an tréimhse chun achomharc a dhéanamh, cuirtear síneadh leis an tréimhse go dtí an lá deiridh chun achomharc a dhéanamh. Dá réir sin, mar shampla, sa chás gurb é an 24 Nollaig an lá deiridh den tréimhse ceithre seachtaine, is é an 2 Eanáir an lá deiridh chun achomharc a dhéanamh, agus sa chás gurb é an 29 Nollaig an lá deiridh den tréimhse ceithre seachtaine, is é an 7 Eanáir an lá deiridh chun achomharc a dhéanamh.

Baineann an tréimhse idir dhá Nollaig a chur as an áireamh le haon ábhar eile a bhaineann le hachomharc a luaitear tréimhse shonrach ama ina leith chomh maith. Dá réir sin, sa chás gur le linn na tréimhse idir dhá Nollaig a thiteann lá chinn na tréimhse 18 seachtaine déag atá leagtha síos mar sprioc faoin reachtaíocht maidir le cinneadh an Bhoird ar chás achomhairc, cuirtear síneadh ama leis an tréimhse de réir an líon cuí laethanta.

28. An féidir cáipéisí an Bhoird a iniúchadh agus a cheannach?
Is féidir le duine den phobal comhaid faoi chásanna achomhairc a iniúchadh tar éis don Bhord cinneadh mar gheall ar an achomharc. Is féidir na comhaid sin a iniúchadh saor ó tháille in oifigí an Bhoird idir 10 r.n. – 12.30 i.n. agus 2.30 i.n. – 4.30 i.n. ó Luan go hAoine, ach amháin lá saoire poiblí agus laethanta eile a mbeadh na hoifigí dúnta. Is féidir cóip d'aon cháipéis ar na comhaid sin a cheannach in oifigí an Bhoird le linn na n-uaireanta sin ar chostas réasúnach cóipeála na gcáipéisí. Tá sonraí breise maidir le hiniúchadh agus ceannach na gcáipéisí etc., ar fáil ón mBord agus ar an láithreán gréasáin, **www.pleanala.ie**

29. An féidir iarratas a dhéanamh leis an mBord ar chead acmhomhairc mar gheall ar chinneadh de chuid an údaráis pleanála? (Féach freisin na freagraí ar cheist 2 agus ar cheist 3 thuas.)

Is féidir leis an té a bhfuil leas aige sa talamh a shíneann leis an suíomh lena mbaineann iarratas ar chead pleanála (e.g. úinéir na talún/sealbhóir) agus nár chuir aighneacht ná tuairim faoi bhráid an údaráis pleanála i ndáil leis an iarratas pleanála iarratas a dhéanamh leis an mBord ar chead achomhairc in aghaidh chinneadh an údaráis pleanála tráth nach deireanaí ná ceithre seachtaine ó chinneadh an údaráis pleanála an cead a thabhairt. Féadann an Bord cead achomhairc a thabhairt sa chás go léiríonn an duine sin nach ionann ó thaobh an ábhair, mar gheall ar na coinníollacha a cuireadh leis, an cead pleanála a chinn an t-údarás pleanála a thabhairt agus an cead pleanála a ndearnadh iarratas air agus go n-imreoidh na coinníollacha a cuireadh i bhfeidhm athrú ar bhealach tábhachtach ar an taitneamh atá as an talamh nó go laghdófar luach na talún dá bharr.

Mar a chéile le cás achomhairc pleanála, ní mór don té atá ag iarraidh cead achomhairc an t-ainm agus an seoladh, na forais is bun leis an gcead achomhairc a iarraidh (féach thuas), tuairisc ar an leas atá aige sa talamh a lua agus an táille ceart a chur isteach.

Sa chás go dtugtar cead achomhairc do dhuine, ní mór an t-achomharc pleanála a theacht chuig an mBord tráth nach deireanaí ná dhá sheachtain ón am a bhfaigheann sé an fógra faoi chead achomhairc agus ní mór gach coinníoll maidir le hachomharc pleanála a lóisteáil (féach ceist 4 agus ceist 5) a shásamh, coinníoll maidir le táille eile san áireamh. Tá sonraí faoi na táillí ar fáil ón mBord nó ón údarás pleanála áitiúil.

30. An féidir cás ina ndiúltaíonn an t-údarás pleanála déileáil leis an dara iarratas ar chead pleanála a chur faoi bhráid an Bhoird?
Sa chás go mbíonn achomharc ar bun maidir le cinneadh de chuid údaráis pleanála i ndáil le hiarratas ar chead pleanála, ní féidir an dara iarratas maidir leis an bhforbraíocht chéanna ná le forbraíocht den chineál céanna a chur isteach chuig an údarás pleanála. Sa chás go dtagann aighneas chun cinn maidir le hiarratas a bheith ag baint leis an bhforbraíocht chéanna nó le forbraíocht den chineál céanna, is féidir an cheist sin a chur faoi bhráid an Bhoird d'fhonn a chinnte.

31. An dócha go dtiocfaidh athrú ar na táillí achomhairc?
Faoi Acht Pleanála na bliana 2000, tá ceangailte ar an mBord aithbhreithniú a dhéanamh gach tréimhse 3 bliana ar a laghad ar leibhéal na dtáillí atá le híoc leis maidir le hachomharc a dhéanamh, cás a chur ar aghaidh chuige, iarratas ar chead achomhairc, aighneacht nó tuairim a chur faoi bhráid nó iarratas a dhéanamh ar éisteacht ó bhéal. Is ceart i gcónaí an cás is deireanaí a sheiceáil d'fhonn cinntiú go mbítear ar an eolas faoin táille cuí san am i láthair.

An Bord Pleanála
64 Sráid Mhaoilbhríde
Baile Átha Cliath 1

Teil: (01) 858 8100
LoCall: 1890 275 175
Faics: (01) 872 2684
Láithreán gréasáin: http//www.pleanala.ie
Ríomhphost: bord@pleanala.ie

Leasaíodh an 5 Bealtaine 2005

Iarratas ar Chead Teacht ar Thaifid faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003

Tagann taifid de na cineálacha seo a leanas faoi scáth na nAchtanna:

- gach taifead a bhaineann le heolas pearsanta atá ar coimeád ag an mBord gan bheann ar an tráth ar cruthaíodh an taifead.

- gach taifead eile a cruthaíodh ón dáta ar tháinig éifeacht leis na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, **(an 21 Aibreán 1998),**

- aon taifead eile is gá chun tuiscint a bhaint as taifead reatha.

Ní bhaineann an tAcht le taifid atá ar fáil go poiblí cheana féin. Mar shampla, bíonn cás achomhairc a ndéanann an Bord cinneadh ina leith ar fáil le ceannach nó le scrúdú faoi chóras deis phoiblí an Bhoird – cuirtear tuairisc leis na fáilteoirí in oifig an Bhoird.

Sonraí an Iarratasóra

Úsáidtear BLOCLITREACHA
Sloinne: _____Ainm _____
Seoladh Poist: _____
_____
_____

Uimhir(eacha) Teileafóin

Baile:_____
Gnó:_____

Eolas Pearsanta

D'fhéadfadh go n-iarrfaí ort a chruthú gur tú an té a luaitear sula dtabharfaí cead duit eolas pearsanta maidir leis an té sin a cheadú.

Úsáid na hOifige amháin
Deimhniú Aitheantais □_____
Deimhniú Tola □_____
Táillí □_____ Admháil Uimh. □_____

Sonraí an Iarratais

Faoi réir alt 7 an Achta um Shaoráil Faisnéise, iarraim cead teacht ar thaifid ar taifid iad atá:

(cuirtear tic de réir mar is cuí) Pearsanta □ Neamhphearsanta □

(Tugtar cur síos chomh cuimsitheach agus is féidir ar an taifead sa spás lena aghaidh sin. Sa chás go bhfuiltear ag iarraidh eolais phearsanta, luaitear go cruinn an t-ainm atá luaite leis na taifid sin. Ní iondúil go dtabharfar deis duit ar eolas pearsanta maidir le duine eile mura bhfuil toiliú an té sin faighte i scríbhinn agat chuige sin)

Iarraim na taifid seo a leanas:

_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____

Scrúdaítear an tábla táillí a théann leis seo agus cuirtear an táille cuí isteach leis an iarratas.

Cineál Deise

Is fearr liom deis a fháil ar na taifid ar an modh seo a leanas:
(cuirtear tic leis an rogha cuí)

□ cóipeanna de na taifid a fháil ar an bpost
□ na taifid a bhreathnú in oifigí an Bhoird
□ modh eile – sonraítear an modh _____
_____

CUIRTEAR SÍNIÚCHÁN ANSEO _____
DÁTA _____

An Bord Pleanála

Treoir maidir le táillí i ndáil le hIarratais faoi Shaoráil Faisnéise
Le héifeacht ó Dé Luain, an 7 Iúil 2003

Cineál an Iarratais	**Táille Caighdeánach ***	**Táille Laghdaithe * & ** & *** **
Iarratas ar Thaifead faoi Alt 7 Iarratas tosaigh Achomharc Inmheánach Achomharc chuig an gCoimisinéir Faisnéise	 €15 €75 €150	 €10 €25 €50
Iarratas faoi Alt 7 ar eolas pearsanta	Níl táille i gceist	Níl táille i gceist
Iarratas faoi alt 17 go leasófaí taifead ina bhfuil faisnéis pearsanta mhíchruinn, mhí-iomlán nó mhíthreorach	Níl táille i gceist	Níl táille i gceist
Iarratas faoi alt 18 maidir leis na cúiseanna le cinneadh a chuireann isteach ar an duine aonair	Níl táille i gceist	Níl táille i gceist

****** Ní bheidh táille i gceist sa chás go ndéanann duine achomharc in aghaidh chinneadh táille nó éarlais, nó táille nó éarlais suime áirithe a ghearradh faoi alt 47 an Achta um Shaoráil Faisnéise*

******* Beidh táille laghdaithe i gceist i ndáil le tríú páirtí a dhéanann achomharc in aghaidh chinneadh de chuid chomhlachta poiblí faisnéis dá chuid a scaoileadh ar bhonn leas an phobail*

******** Beidh táille laghdaithe i gceist maidir le sealbhóir cárta leighis nó daoine cleithiúnaigh leo ar an gcárta leighis a thaispeáint*